



NUI Galway
OÉ Gaillimh

A CAMPUS
Campas
ALIVE WITH
beo le
POSSIBILITY
Féidearthachtaí

REPORT OF THE PRESIDENT
TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

2017/18





Contents

- 04 **A Message from
the President**
- 12 **NUI Galway
News**
- 26 **NUI Galway
Impact in Action:
Microplastics**
- 30 **Inspirational
Research**
- 44 **Community and
Outreach**
- 54 **Student
Success**
- 62 **Accolades and
Achievements**
- 66 **NUI Galway
At a Glance**



Clár

- 
- 04 **Teachtaireacht
ón Uachtarán**
- 12 **OÉ Gaillimh
sa Nuacht**
- 26 **Tionchar OÉ
Gaillimh faoi
lán seoil:
Micreaphlaistigh**
- 30 **Taighde
Inspioráideach**
- 44 **An Pobal agus
Imeachtaí Pobail**
- 54 **Éachtaí na
Mac Léinn**
- 62 **Duaiseanna
agus Éachtaí**
- 66 **Sonraí faoi
OÉ Gaillimh**

New Horizons

Ciarán Ó hÓgartaigh has just concluded his first year as President of NUI Galway. Here, he reflects on a busy year and explains how he will continue to promote diversity on campus and work to effect real cultural change

Firstly, I would like to acknowledge the legacy of achievement of my predecessor, Dr Jim Browne and wish him every fulfilment for the future. As a returning alumnus, I'm delighted to be back in the University which shaped me and my career. I'm especially proud of my alma mater and the many positive developments and achievements at NUI Galway in recent years.

Over the past academic year, I've engaged in a listening tour meeting staff and students, as well as alumni and stakeholders from the wider community, both regionally and nationally. I have been struck by the talent, ambition and commitment to public engagement among our University community, across all areas of activity, as well as the regard for this engagement by the communities we serve.

This strong tradition of service to society draws on our distinctive strengths of people and place and it is something which defines our University. I hope that as a community we can build further on this distinctive commitment which makes NUI Galway 'considerable' in the world and for the world.

Over the coming years, I look forward to working with the entire community to harness that commitment and to that end, we hosted a Civic &



Deiseanna Nua

Tá a chéad bhliain curtha isteach ag Ciarán Ó hÓgartaigh mar Uachtarán ar OÉ Gaillimh. Anseo, breathnaíonn sé siar ar bhliain ghnóthach agus míníonn sé conas a leanfaidh sé ar aghaidh ag cur éagsúlacht chun cinn ar an gcampas agus conas a oibreoidh sé i dtreo fíorathrú cultúrtha a chur i bhfeidhm.

I dtús báire, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na héachtaí ar fad a rinne an duine ar tháinig mé i gcomharbacht air, an Dr Jim Browne, agus guím gach rath air sa todhchaí. Mar alumnus de chuid na hOllscoile seo, tá lúcháir an tsaoil orm filleadh ar an Ollscoil inar múnlaíodh mé. Tá mé thar a bheith bródúil as mo alma mater agus as na forbairtí agus as na gaiscí dearfacha ar fad atá bainte amach in OÉ Gaillimh le blianta beaga anuas.

Le linn na bliana acadúla seo atá díreach thart, thug mé faoi thuras éisteachta, agus bhuaill mé le comhaltaí foirne agus le mic léinn, chomh maith le alumni agus páirtithe leasmhara sa phobal mór réigiúnach agus náisiúnta. Chuaigh na buanna, an uaillmhian agus an tiomantas do mhic léinn, agus an tsármhaitheas sa taighde i bhfeidhm go mór orm. Chomh maith leis sin, chuaigh sé i gcion orm go bhfuil pobal na hOllscoile rannpháirteach go mór i saol an phobail, i ngach cineál gníomhaíochta agus go bhfuil ardmheas i measc an phobail ar an rannpháirtíocht seo.

Baintear leas as na láidreachtaí ar leith a bhaineann le daoine agus le háit sa traidisiún láidir seo maidir le seirbhís a thabhairt don phobal, agus is é sin atá mar bhunchloch d'obair na hOllscoile seo. Tá stíl agam mar phobal go mbeimid ábalta cur leis an díograis ar

Public Engagement Forum in July 2018 where over 120 colleagues from across a range of disciplines and units came together to focus on civic and public engagement, building on the wealth of existing good practice, while also charting the future direction of this important area of activity.

Organised by Community Knowledge Initiative (CKI), President's Office and Office of the Vice-President for Research, the event reviewed 15 years of civic and community engagement at NUI Galway and offered a policy perspective on meaningfully measuring this activity and communicating it to wider society.

The event also featured an exhibition of 26 public and civic engagement projects. It is intended that this will become an annual event and will also serve to shape public engagement strategy as part of the University's next strategic plan.

Athena SWAN award

In May 2018, the University was awarded an Athena SWAN award and the School of Medicine received a departmental level award. These awards at Bronze level recognise that the University and the School of Medicine have demonstrated a solid foundation for eliminating gender bias and developing an inclusive culture that values all staff.

Led by Professor Anne Scott, Vice-President for Equality & Diversity, NUI Galway has implemented an innovative action plan containing a range of specific, measurable initiatives focused on gender equality. The Awards recognise the sustained work in recent years to address equality challenges in the University, as part of an ongoing commitment to making the community a more inclusive, diverse and equitable workplace.

Campus Development

It has been an excellent year for the physical development of our campus, with the official opening of the flagship Human Biology Building in July 2018 by Minister for Health, Simon Harris TD. Later in the year, we announced the commencement of the Nuns' Island Master Planning project, in partnership with Galway City Council. And just before the new academic year began we saw the first students take up residence in their new homes



“This strong tradition of service to society draws on our distinctive strengths of people and place and it is something which defines our University.”



“Baintear leas as na láidreachtaí ar leith a bhaineann le daoine agus le háit sa traidisiún láidir seo maidir le seirbhís a thabhairt don phobal, agus is é sin atá mar bhunchloch d’obair na hOllscoile seo.”

leith seo a mhéadaíonn ar an tábhacht agus ar an bhfiúntas thar cuimse a bhaineann le OÉ Gaillimh sa domhan mór agus ar son an domhain mhóir.

Sna blianta beaga amach romhainn tá mé ag súil le hoibriú leis an bpobal ar fad chun an díograis sin a chothú agus a neartú. Chun na críche sin chuireamar Fóram Comhpháirteachais Saoránach & Phoiblí ar siúl i mí Iúil. San fóram seo, tháinig breis agus 120 comhghleacaí ó réimse leathan disciplíní agus aonad le chéile chun díriú ar chomhpháirteachas saoránach agus poiblí agus leas a bhaint as na dea-chleachtais atá ar bun cheana féin mar bhunchlocha. Díríodh chomh maith ar bhealach chun cinn a leagan amach don am atá le teacht san obair an-tábhachtach seo.

Oifig an Tionscnaimh Eolais Pobail (CKI), Oifig an Uachtaráin agus Oifig an Leas-Uachtaráin don Taighde a rinne an ócáid seo a eagrú ina ndearnadh athbhreithniú ar 15 bliana de chomhpháirteachas saoránach agus poiblí in OÉ Gaillimh agus inar léiríodh tuairimí faoin gcur chuige is fearr leis an ngníomhaíocht seo a mheas go cuí agus lena cur in iúl don phobal mór. Mar chuid den ócáid seo, bhí taispeántas de 26 tionscadal a bhain leis an gcomhpháirteachas saoránach agus poiblí. Tá sé i gceist againn an ócáid seo a eagrú go bliantúil agus go gcuideoidh sí leis an straitéis do chomhpháirteachas poiblí a mhúnlú sa chéad Phlean Straitéiseach eile.

Gradam Athena SWAN

I mí na Bealtaine 2018, bronnadh gradam Athena SWAN ar an Ollscoil agus bronnadh gradam ag leibhéal roinne ar Scoil an Leighis. Tugtar aitheantas leis na gradaim chré-umha seo go bhfuil bunchloch dhaingean leagtha ag an Ollscoil agus ag Scoil an Leighis chun deireadh a chur le claonadh inscne agus chun cultúr a fhorbairt ina mbíonn tábhacht le gach uile chomhalta foirne.

Chuir OÉ Gaillimh, faoi stiúir an Ollaimh Anne Scott, an Leas-Uachtarán Combhionannais agus Éagsúlachta, plean nuálaíoch gníomhaíochta i bhfeidhm ina bhfuil réimse de shaintionscnaimh intomhaiste atá dírithe ar chothromas inscne. Leis na gradaim seo, tugtar aitheantas don obair bhuan atá ar bun le blianta beaga anuas chun dul i ngleic le dúshlán a bhaineann leis an gcothromas anseo san Ollscoil, agus é seo ar fad mar chuid dár ndíograis leanúnach áit oibre níos cothroime, níos ilghnéithí agus níos cuimsithí a chruthú san Ollscoil.

Forbairt an Champais

Bliain den chéad scoth a bhí ann i mbliana d’fhorbairt fhisiceach an champais, nuair a rinne an tAire Simon

in the 429-bed state-of-the-art Goldcrest Village. Our campus has also been greatly enhanced by the Wayfinding Project, which offers a new and clear system of signage to guide students and visitors around our campus. This has been further enhanced by the Campus Trail which encourages awareness of the diverse and beautiful natural habitat of our campus.

Treasures of the Library

It's been a great year for the James Hardiman Library, which over the past year has announced the acquisition of a number of significant archives. Conradh na Gaeilge, Ireland's oldest Irish language organisation, celebrated its 125th anniversary this year and deposited its archival material at NUI Galway, reflecting a century of language revival and advocacy. This material is highly significant for Irish language scholarship and provides unparalleled insights into linguistic, cultural, social and political aspects of Ireland's past.

NUI Galway's reputation as an international centre of archival excellence was underlined with the accession of the Mary Robinson Archive in late 2017. This collection will offer scholars important perspectives on international justice and human rights as well as insights on the transformation of modern Irish society in recent decades.

The College of Engineering and the Library hosted a series of events to mark the acquisition of the personal papers of Galway graduate Michael O'Shaughnessy (1864 – 1934), City Engineer of San Francisco. Born in Co Limerick, O'Shaughnessy studied engineering at what was then Queen's College Galway before emigrating in 1885 to America, where he embarked on an illustrious career on railways, mines and irrigation projects in Hawaii and California, including the Golden Gate Bridge.

The papers of Margareta D'Arcy and John Arden were launched with a symposium, *Political Theatre in Britain and Ireland Since 1950*, while the community of the Dominican Convent, Taylor's Hill, Galway was recognised for the donation of its library of more than 2,000 volumes, built up over five centuries. In June 2018, the acquisition of the Muintir na Tire archive was announced and this material tells the story of Ireland's most significant rural community development movement of the 20th century.



Harris, TD, foirgneamh ceannródaíoch na Bitheolaíochta Daonna a oscailt go hoifigiúil i mí Iúil 2018. Níos moille sa bhliain, d'fhógraíomar go raibh tús le cur le tionscadal máistirphleanála Oileán Altanach, i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Díreach sular thosaigh an bhliain nua acadúil chuir na chéad mhic léinn fúthu ina dtithe nua i mBaile an Chíorbhuí, forbairt thar a bheith nua-aimseartha ina bhfuil 429 leaba. Tá athrú ó bhonn freisin ar an gcampas mar gheall ar an Togra Comharthaíochta a chuireann córas nua, soiléir comharthaíochta ar fáil do mhic léinn agus do chuiditheoirí ar an gcampas. Cuireadh leis seo leis an Mórchúairt Champais a spreagann feasacht i dtaca leis an ngnáthóg ilchineálach, álainn ar a bhfuil an campas seo lonnaithe.

Taiscí na Leabharlainne

Bliain iontach a bhí ann do Leabharlann Shéamais Uí Argadáin freisin, a d'fhógair le bliain anuas go mbeidh roinnt cartlanna an-luachmhar á bhfáil aici. I mbliana, bhí ceiliúradh 125 bliain ar an bhfód ag Conradh na Gaeilge, an eagraíocht Ghaeilge is ársa in Éirinn, agus rinne sí an t-ábhar cartlainne uile a bhaineann leis an eagraíocht, ábhar a léiríonn céad bliain d'athbheochan agus de stocaireacht teanga, a thabhairt ar lámh do OÉ Gaillimh. Tá an t-ábhar seo an-tábhachtach go deo do Léanna na Gaeilge agus tugtar léargas den chéad scoth ann ar ghnéithe a bhaineann leis an teanga, leis an gcultúr, leis an tsochaí agus leis an bpolaitíocht san am a chuaigh thart in Éirinn.

Léiríodh arís clú OÉ Gaillimh mar ionad idirnáisiúnta sármhaitheasa don chartlannaíocht nuair a shealbhaigh an Ollscoil Cartlann Mary Robinson ag deireadh na bliana 2017. Sa bhailiúchán seo tabharfar léargas tábhachtach don lucht léinn i dtaca le ceartas agus cearta an duine ar bhonn idirnáisiúnta chomh maith le léargais ar an athrú a tháinig ar shochaí na hÉireann le roinnt blianta anuas.

Rinne Coláiste na hInnealtóireachta agus an Leabharlann sraith imeachtaí a eagrú chun ceiliúradh a dhéanamh ar shealbhú cáipéisí pearsanta chéimí de chuid na Gaillimhe, Michael O'Shaughnessy (1864–1934), a bhí ina Innealtóir Cathrach in San Francisco. Tháinig O'Shaughnessy ar an saol i gContae Luimnigh agus rinne sé staidéar ar an innealtóireacht i gColáiste na Banríona, Gaillimh, mar a tugadh ag an am sin air. Chuaigh sé ar imirce in 1885 go Meiriceá, áit ar thug sé faoi ghairm bheatha an-rathúil ag obair ar iarnróid, ar mhianaigh agus ar thionscadail uisciúcháin in Hawaii agus California, agus d'oibrigh sé freisin ar Dhroichead an Golden Gate.

Seoladh páipéir Margareta D'Arcy agus John Arden leis an siompóisiam *Political Theatre in Britain and Ireland Since 1950*; agus tugadh aitheantas do phobal Chlochra na nDoimniceach ar an mBóthar Ard, Gaillimh de bhri gur bhronnsiad a leabharlann ar an Ollscoil, leabharlann a bhfuil breis agus 2,000 leabhar inti a bailíodh thar chúig chéad bliain. I mí an Mheithimh 2018 fógraíodh gur sealbhaíodh cartlann Mhuintir na Tíre agus tugtar léargas san ábhar seo ar scéal na gluaiseachta forbartha pobail is suntasaí in Éirinn san fhichiú haois.

Celebrating Excellence

Recognising that staff are our greatest strength, I'm delighted to celebrate the commitment and talent of colleagues right across all areas of university activity. This year saw the inaugural presentation of the Societal Impact Awards, which highlight the broad range of ways which the work of our university benefits society.

Teaching

In recognition of the calibre and commitment of teachers among our academic community, the following received President's Awards for Teaching Excellence in 2017-2018:

- Dr Brendan Flynn, School of Political Science and Sociology
- Dr John Morrissey, School of Geography and Archaeology
- Dr Kathryn Cormican, School of Engineering and Informatics
- Dr Ciara Smyth, School of Law
- Dr Patrick O'Leary, School of Chemistry

Research

Research is at the heart of our mission and the President's Research Awards were presented at the annual NUI Galway Research Day to the following colleagues who have made outstanding contributions in their field of research:

Early Stage Researcher Category

Dr Aideen Ryan, School of Medicine

Dr Ted Vaughan, School of Engineering and Informatics

Established Researcher Category

Dr Alison Forrester, Department of History

Professor Colin O'Dowd, Director of the Centre for Climate and Air Pollution Studies

Research Supervisor Awards

Dr Caroline Heary, School of Psychology

Professor Michel Destrade, School of Mathematics, Statistics and Applied Mathematics

Ryan Award for Innovation

PhD researcher, Conall Holohan, School of Natural Sciences received the Ryan Award for Innovation which recognises the translation of innovative ideas in the area of Environment, Marine and Energy, into outputs with societal and economic impact. The Award worth €25,000 is supported by the Tony Ryan Trust through Galway University Foundation and builds upon past generous support from the Ryan Family.

Support Services

The President's Awards for Support Service Excellence reward the outstanding contribution and excellent performance of staff in the support services. Almost 30 nominations were received and the 2017/2018 awardees are:

- Laura O'Connor, Buildings and Estates
- Christina Mulgannon, International Affairs Office
- Ambrose O'Halloran, School of Medicine
- Technical Officers Team, Discipline of Microbiology – Maurice Martyn; Ann Smyth; Michael Coughlan; Katrina Lacey; Maria Barrett
- Anne O'Rorke, School of Natural Sciences
- Mark McGuinness, Human Resources

Societal Impact

The academic year 2017-18 saw the establishment of the inaugural President's Awards for Societal Impact. These awards recognise contribution to society by individuals or teams and highlight the University's values and strategies in the area.

This Awards programme is intended to highlight the University's contribution to our various communities, to stimulate and enhance the University's impact on society, while allowing us to celebrate the efforts and commitment of our colleagues.

Together with the Teaching Excellence Awards, Support Services Excellence and the Research Excellence Awards the Societal Impact Awards acknowledge the continued contribution of staff, in teams or as individuals, to the University's success.

- Dr Edward Curry, School of Engineering & Informatics/ Insight Centre for Data Analytics
- Dr Frances Fahy, School of Geography & Archaeology
- Dr Muriel Grenon, School of Natural Sciences and founder, Cell Explorers
- Team Award – Health Behaviour in School-aged Children Team including Professor Saoirse Nic Gabhainn, Dr Colette Kelly, Dr Michal Molcho of School of Health Sciences.

Ceiliúradh ar an tSármhaitheas

Aithnítear gurb iad ár gcomhaltaí foirne an acmhainn is láidre dá bhfuil againn; dá réir sin, is mór agam dúthracht agus tallann ár gcomhghleacaithe i réimsí oibre na hOllscoile trí chéile a cheiliúradh. Imbliana, den chéad uair, bronnadh na Gradaim don Tionchar ar an tSochaí, gradaim a tharraingíonn aird ar na bealaí éagsúla ar fad ina dtéann obair na hOllscoile chun tairbhe don tsochaí.

An Teagasc

Mar aitheantas ar ardchaighdeán agus ar dhúthracht na dteagascóirí atá againn sa chomhluadar acadúil, fuair na daoine seo a leanas Gradaim an Uachtaráin do Shárchaighdeán Teagaisc in 2017-18:

- An Dr Brendan Flynn, Scoil na hEolaíochta Polaitiúla agus na Socheolaíochta
- An Dr John Morrissey, Scoil na Tíreolaíochta agus na Seandálaíochta
- An Dr Kathryn Cormican, Scoil na hInnealtóireachta agus na hIonformaitice
- An Dr Ciara Smyth, Scoil an Dlí
- An Dr Patrick O'Leary, Scoil na Ceimice

An Taighde

Tá an taighde i gceartlár ár misin agus ar Lá Bliantúil Taighde OÉ Gaillimh, bronnadh Gradaim an Uachtaráin do Thaighde ar na comhghleacaithe seo a leanas a bhfuil a gcion tábhachtach féin déanta acu ina réimsí taighde ar leith:

Gradaim do Thaighdeoirí Luathghairme

An Dr Aideen Ryan, Scoil an Leighis

An Dr Ted Vaughan, Scoil na hInnealtóireachta agus na hIonformaitice

Gradaim do Thaighdeoirí Bunaithe

An Dr Alison Forrester, Roinn na Staire

An tOllamh Colin O'Dowd, Stiúrthóir an Ionaid Léinn Aeráide agus Truaillithe Air

Gradaim do Stiúrthóirí Taighde

An Dr Caroline Heary, Scoil na Síceolaíochta

An tOllamh Michel Destrade, Scoil na Matamaitice, na Staitisticí agus na Matamaitice Feidhmi

Gradam Uí Riain don Nuálaíocht

Bronnadh Gradam Uí Riain don Nuálaíocht ar an taighdeoir PhD, Conall Holohan, Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha. Tugann an Gradam seo aitheantas do smaointe nuálaíochta i réimse an Chomhshaoil, na Mara agus an Fhuinnimh, smaointe a chuirtear

i bhfeidhm go praiticiúil agus a mbíonn leas na sochaí agus an gheilleagair mar thoradh orthu. Is fiú €25,000 an gradam atá maoinithe ag Iontaobhas Tony Ryan trí Fhondúireacht Ollscoil na Gaillimhe, agus tá an méid seo anuas ar an tacaíocht fhlaithiúil atá curtha ar fáil cheana féin ag teaghlach Uí Riain.

Seirbhísí Tacaíochta

Tugtar aitheantas le Gradaim an Uachtaráin do Shárchaighdeán sna Seirbhísí Tacaíochta don chion a dhéanann comhaltaí foirne a chuireann seirbhísí tacaíochta den scoth ar fáil do chomhluadar na hOllscoile. Fuarthas thart ar 30 ainmniúchán, agus seo a leanas na buaiteoirí:

- Laura O'Connor, Foirgnimh & Eastáit
- Christina Mulgannon, an Oifig Gnóthaí Idirnáisiúnta
- Ambrose O'Halloran, Scoil an Leighis
- Foireann na nOifigeach Teicniúil, Disciplín na Micribhitheolaíochta: Maurice Marty; Ann Smyth; Michael Coughlan; Katrina Lacey; Maria Barrett
- Anne O'Rorke, Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha
- Mark McGuinness, Acmhainní Daonna

Tionchar ar an tSochaí

Le linn na bliana acadúla 2017-18, bronnadh den chéad uair Gradaim an Uachtaráin don Tionchar ar an tSochaí. Tugtar aitheantas leis na gradaim seo don obair a dhéanann daoine aonair nó foirne chun leas na sochaí agus tarraingítear aird leo ar luachanna agus ar mhisean straitéiseach na hOllscoile sa phobal.

I gClár na nGradam seo, tá sé i gceist go dtarraingeofar aird ar an obair a dhéantar san Ollscoil dár bpobail éagsúla, go spreagar agus go méadófar ar thionchar na hOllscoile ar an tsochaí, agus ag an am céanna go dtabharfar deis dúinn iarrachtaí agus díograis ár gcomhghleacaithe a cheiliúradh.

I gcomhar leis na Gradaim don Fheabhas Teagaisc, na Gradaim do Shárchaighdeán sna Seirbhísí Tacaíochta, agus na Gradaim don Fheabhas Taighde, tugtar aitheantas leis na Gradaim don Tionchar ar an tSochaí don obair leanúnach atá ar bun ag an bhfoireann, idir dhaoine aonair agus fhoirne, chun cur le rath na hOllscoile.

- An Dr Edward Curry, Scoil na hInnealtóireachta agus na hIonformaitice/Ionad Anailísíochta Sonraí Insight
- An Dr Frances Fahy, Scoil na Tíreolaíochta & na Seandálaíochta
- An Dr Muriel Grenon, Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha agus bunaitheoir Thaiscéalaithe na gCeall
- Gradam Foirne: Foireann na hIompraíochta Sláinte i Leanai ag Aois Scoile - an tOllamh Saoirse Nic Gabhainn, an Dr Colette Kelly, an Dr Michal Molcho as Scoil na nEolaíochtaí Sláinte

Minister for Health Opens Human Biology Building

NUI Galway's €34 million Human Biology Building was officially opened by Minister for Health Simon Harris in July 2018, bringing together the existing disciplines of anatomy, physiology, pharmacology and therapeutics at the University. Funded by the Higher Education Authority (HEA), by NUI Galway and through a loan from the European Investment Bank (EIB), the Human Biology Building will build on the output of NUI Galway's cluster of world-leading biomedical research in areas such as regenerative medicine and stem cell research, cancer biology, biomechanics and biomaterials. NUI Galway President, Professor Ciarán Ó hÓgartaigh, said: "Investment in education is vital for our regional development and continued funding is imperative so that our new buildings can be great places to learn, teach and research in. Our students compete with the best of the world and so must we."





Foirgneamh nua don Bhitheolaíocht Dhaonna oscailte ag an Aire Sláinte

I mí Iúil 2018, d'oscail an tAire Sláinte Simon Harris foirgneamh OÉ Gaillimh don Bhitheolaíocht Dhaonna, foirgneamh a chosain €34 milliún. Tugtar le chéile anois san fhoirgneamh seo disciplíní a bhí roimhe sin san Ollscoil, is iad sin, disciplíní na hanatamaíochta, na fiseolaíochta, na cógaseolaíochta agus na teiripice. Agus maoiniú faighte lena aghaidh ón Údarás um Ard-Oideachas (HEA), ó OÉ Gaillimh agus iasacht freisin ón mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB), déanfar forbairt san Fhoirgneamh don Bhitheolaíocht Dhaonna ar bhisiúlacht taighde sa Bhithleighis in OÉ Gaillimh, taighde a bhfuil clú domhanda air agus ina ndírítear ar réimsí cosúil leis an leigheas athghiniúnach agus taighde ar ghaschealla, ar bhitheolaíocht ailse, ar bhithmhéicnic agus ar bhithábhair. Dúirt Uachtarán OÉ Gaillimh, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh: “Tá infheistíocht san oideachas fíorthábhachtach dár bhforbairt réigiúnach agus caithfear leanúint leis an infheistíocht sa dóigh agus go mbeidh ár bhfoirgnimh nua mar ionaid iontacha don fhoghlaim, don teagasc agus don taighde. Bíonn ár gcuid mac léinn in iomaíocht le scoth na scoláirí agus caithfidimidne déanamh amhlaidh.”

Take a walk on the wild side...

PUBLIC INVITED TO EXPLORE BIODIVERSITY TRAIL

To celebrate nature on campus, NUI Galway recently launched a Biodiversity Trail, a free trail available to both the campus community and wider public that explores the variety of wildlife on campus. The trail guides visitors through NUI Galway's natural habitats and takes visitors from the oldest building in the university, the Quadrangle, up along the River Corrib to the northern part of campus. The Biodiversity Trail is available in leaflet form from locations around campus and an audio trail is also available in both podcast and downloadable form (go to www.nuigalway.ie/biodiversitytrail). Funding for the trail was provided by the NUI Galway Community and University Sustainability Project (CUSP), the Ryan Institute and the Climate Change and Environment Section of Galway City Council. The trail was produced by Jamie Maxwell, Dara Stanley and Caitriona Carlin, while the audio trail was recorded at Flirt FM by Pádraig McMahon.





Siúil leat amach faoin aer...

CUIREADH DON PHOBAL DUL A FHÁNAÍOCHT AR AN MÓRCHUAIRT BHITHÉAGSÚLACHTA

Chun an nádúr ar an gcampas a cheiliúradh, sheol OÉ Gaillimh Mórchúairt Bhithéagsúlachta, cosán saor in aisce atá oscailte do phobal an champais agus don phobal mór. Ar an gcosán seo, tugtar léargas ar éagsúlacht an fhiadhúlra atá ar fáil ar an gcampas. Téann an mhórchúairt trí ghnáthóga nádúrtha OÉ Gaillimh agus treoraítear cuairteoirí ón bhfoirgneamh is sine san Ollscoil, an Chearnóg, suas in aice le hAbhainn na Gaillimhe chuig an taobh ó thuaidh den champas. Tá eolas ar an Mórchúairt Bhithéagsúlachta i bhfoirm bileoige atá ar fáil in áiteanna éagsúla ar fud an champais agus tá Mórchúairt Fuaimne ar fáil freisin mar phodchraoladh nó mar íoslódáil (téigh chuig www.nuigalway.ie/biodiversitytrail). Chuir an Tionscadal Inbhuanaitheachta Pobail agus Ollscoile (CUSP) in OÉ Gaillimh, Institiúid Uí Riain agus Rannóg Athraithe Aeráide agus Comhshaoil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú ar fáil don mhórchúairt. Jamie Maxwell, Dara Stanley agus Caitriona Carlin a leag an mhórchúairt amach, agus ba é Pádraig McMahon a thaifead an mhórchúairt fuaimne in Flirt FM.

Pictured is Niamh O'Connor, a third year student with NUI Galway's School of Medicine and a member of the University Orchestra, at the launch of seven new Arts degrees for enrolment in 2018. The new offerings respond to feedback from students, industry and employers and further expands the specialised Arts study options at NUI Galway. The new offerings include Music, Film & Digital Studies, Arts & Technology, International and Global Languages.

Sa phictiúr anseo tá Niamh O'Connor, mac léinn sa tríú bliain i Scoil an Leighis in OÉ Gaillimh agus ball de Cheolfhoireann na hOllscoile, ag seoladh seacht gcéim nua sna Dána a cuireadh ar fáil in 2018. Cuireadh na céimeanna nua ar fáil bunaithe ar aiseolas ó mhic léinn, ón tionscal agus ó fhostaithe agus cuireadh na céimeanna seo go mór leis na roghanna speisialaithe staidéir sna Dána atá ar fáil anois in OÉ Gaillimh. I measc na roghanna nua seo tá: an Ceol, Staidéar Scannánaíochta & Digiteach, na Dána & an Teicneolaíocht, Teangacha Idirnáisiúnta agus Domhanda.



NUI Galway Introduces Music Into Bachelor Of Arts Degree

September 2018 marked the first intake of students to the new Bachelor of Arts honours degree in Music. An exciting development for music making and music education in the West of Ireland, the move also builds on the University's established reputation for excellence in creative arts subjects. The University also announced the appointment of new Head of Music, Dr Aidan Thomson. Dr Thomson has taught at the University of Oxford, the University of Leeds and for the last 14 years, Queen's University Belfast, principally in music history, theory and analysis but also in performance. A feature of the four-year BA degree is that all students will have the opportunity in their third year to undertake a music-related placement. Students will also be able to work with top musical professionals throughout their degree, notably the current Galway Musicians in Residence, the ConTempo String Quartet.

An Ceol anois mar chuid den Bhaitsiléir sna Dána in OÉ Gaillimh

I Meán Fómhair 2018 glacadh leis na chéad mhic léinn ar an mBaitsiléir sna Dána, Céim Onóracha sa Cheol. Is forbairt spreagúil í seo do chumadh ceoil agus don oideachas ceoil anseo in Iarthar na hÉireann agus baintear tairbhe as an gcáil a bhí cheana féin ar an Ollscoil maidir lena feabhas sna hábhair a bhaineann leis na hEalaíona Cruithaitheacha. Chomh maith leis seo, d'fhógair an Ollscoil ceapachán Cheann an Cheoil, an Dr Aidan Thomson. Mhúin an Dr Thomson in Ollscoil Oxford, Ollscoil Leeds agus le 14 bliana anuas, bhí sé in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Is iad na príomhábhair theagaisc atá aige ná stair, teoiric agus anailís an cheoil agus chomh maith leis sin, léiriú an cheoil. Mar chuid den chéim BA ceithre bliana seo beidh deis ag mic léinn sa tríú bliain den chéim tabhairt faoi shocrúchán a bhaineann leis an gceol. Le linn na céime, beidh mic léinn ábalta oibriú le ceoltóirí a bhfuil ardháil orthu, go mór mór le Ceoltóirí Cónaithe na Gaillimhe, an ConTempo String Quartet.



Athena SWAN Bronze Award

Athena SWAN Award for Gender Equality at NUI Galway

In May 2018, Advance Higher Education announced that NUI Galway had achieved an Athena SWAN award while the School of Medicine was conferred with a departmental level award. The awards at Bronze level recognise that the University and the School of Medicine have demonstrated a solid foundation for eliminating gender bias and developing an inclusive culture that values all staff. Through the implementation of an action plan containing a range of specific, measurable activities, NUI Galway has introduced a range of initiatives focused on gender equality in recent years. Work on implementing these actions and other gender equality initiatives is already underway, and will continue to be fully supported by the University's senior management team.

These initiatives include the introduction of gender quotas for University promotion schemes where applicable and inclusivity and unconscious bias training programmes and workshops for managers and staff. Specific leadership development programmes for female University staff are also included under the initiative along with targeted supports for parents returning from leave, return to work programmes and breastfeeding support workshops.

“The awards at Bronze level recognise that the University and the School of Medicine have demonstrated a solid foundation for eliminating gender bias...”

Bronnadh Gradam Athena SWAN don Chomhionannas Inscne ar OÉ Gaillimh

I mí Bealtaine 2018, d'fhógair Advance Higher Education gur bhain OÉ Gaillimh Gradam Athena SWAN amach agus bronnadh gradam ag leibhéal roinne ar Scoil an Leighis. Tugtar aitheantas leis na gradaim chré-umha seo go bhfuil bunchloch dhaingean leagtha ag an Ollscoil agus ag Scoil an Leighis chun deireadh a chur le laofacht inscne agus chun cultúr a fhorbairt ina gcuirtear fáilte roimh gach uile dhuine agus ina mbionn tábhacht le gach uile chomhalta foirne. Tri phlean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm ina bhfuil réimse de ghníomhartha sonracha, intomhaiste, tá OÉ Gaillimh le blianta beaga anuas i ndiaidh tús a chur le réimse tionscnamh atá dírithe ar an gcomhionannas inscne. Tá obair ar na gníomhaíochtaí seo agus ar thionscnaimh eile a bhaineann le comhionannas inscne faoi lán seoil cheana féin agus leanfaidh foireann shinsearach bhainistíochta na hOllscoile orthu lena dtacaíocht iomlán don obair seo. I measc na ngnéithe atá mar chuid de na tionscnaimh seo, beidh cuóta inscne nuair is cuí do scéimeanna Arduithe Céime na hOllscoile, agus cuirfeadh cláir agus ceardlanna oiliúna ar an uileghabhálacht agus ar an leatrom neamh-chomhfhiosach ar fáil do bhainisteoirí agus do chomhaltaí foirne. Mar chuid den tionscnamh seo, beidh cláir ar leith do chomhaltaí foirne baineanna na hOllscoile ar fhorbairt na ceannaireachta agus chomh maith leis seo, beidh tacaíochtaí ar leith do thuismitheoirí atá ag filleadh ó shaoir ar leith, cláir um fhilleadh ar an obair, agus ceardlanna ar thacaíocht don chothú linbh.

“Tugtar aitheantas leis na gradaim chré-umha seo go bhfuil bunchloch dhaingean leagtha ag an Ollscoil agus ag Scoil an Leighis chun deireadh a chur le laofacht inscne...”

LGBT+ Network Celebrates International LGBT+ STEM Day

Events celebrating the first ever international LGBT+ STEM Day were held at NUI Galway in June 2018. A series of talks were organised to recognise staff and students who are members of the LGBT+ community and who contribute to the University's STEM (Science, Technology, Engineering, Mathematics) disciplines. Chris Noone, Co-chair of LGBT+ Staff Network and lecturer in the School of Psychology at NUI Galway, said: "The NUI Galway LGBT+ Staff Network is committed to creating a safe and inclusive environment for staff of all sexual identities and genders at the University and to advocate for and raise awareness of LGBT+ issues. It is well documented that staff and students within the STEM disciplines face added difficulty in being out compared to those in other disciplines and we are proud to support International LGBT+ STEM Day and House of STEM, an Irish-based network dedicated to connecting and supporting LGBT+ scientists in Ireland."

Lá Idirnáisiúnta STEM LADT+ á Cheiliúradh ag an Líonra LADT+

I mí an Mheithimh 2018 in OÉ Gaillimh, reáchtáladh imeachtaí inar ndearnadh ceiliúradh ar an gcéad Lá Idirnáisiúnta STEM LADT+ riamh. Rinneadh sraith cainteanna a eagrú chun aitheantas a thabhairt do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn atá ina mbaill den phobal LADT+ agus a bhfuil baint acu le disciplíní STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic) na hOllscoile. Dúirt Chris Noone, Comhchathaoirleach Líonra Foirne LADT+ agus léachtóir i Scoil na Síceolaíochta: "Tá Líonra Foirne LADT+ OÉ Gaillimh dírithe ar thimpeallacht shábháilte agus uileghabhálach a chur ar fáil san Ollscoil do chomhaltaí foirne a bhaineann le gach cineál féiniúlacht ghnéis agus inscne agus chun stocaireacht a dhéanamh ar cheisteanna LADT+ agus feasacht a chothú maidir leo. Tá neart fianaise ann go mbíonn ar chomhaltaí foirne agus ar mhic léinn sna disciplíní STEM dul i gcleic le dúshlán sa bhreis i gcomparáid leo siúd sna disciplíní eile agus táimid bródúil tacú le Lá Idirnáisiúnta STEM LADT+ agus le House of STEM, líonra atá lonnaithe in Éirinn a nascann le heolaithe LADT+ in Éirinn agus a thugann tacaíocht dóibh."





NUI GALWAY LAUNCHES SUSTAINABILITY STRATEGY

Launched by Senator Alice Mary Higgins at an event in November 2017, NUI Galway's Sustainability Strategy builds on its existing reputation as an environmentally friendly and societally responsive University. The strategy illustrates an ambitious vision for the campus to become a role model for the transition to a more sustainable future. Its successful implementation will ensure that NUI Galway's reputation around the world is enhanced, that graduates are valued for their world-readiness, that research tackles societal challenges and that the campus is a role model for sustainability. NUI Galway already offers almost 200 courses covering environmental and/or sustainability issues and has won the top award for most biodiverse campus at Ireland's Intersarsity BioBlitz competition. Earlier this year it announced plans to divest from fossil fuel shares. Building on this momentum, the strategy identifies 20 measures for success, under six themes, which serve as indicators for much more extensive work. The strategy is the culmination of a long process of consultation with thousands of members of the NUI Galway staff and students, as well as partners such as the Saolta University Healthcare Group.

<http://www.nuigalway.ie/sustainability/>

STRAITÉIS INBHUANAITHEACHTA SEOLTA AG OÉ GAILLIMH

Sheol an Seanadóir Alice Mary Higgins Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh le linn imeachta i mí na Samhna 2017. Tógtar sa Straitéis ar an gcáil a bhí roimhe sin ar an Ollscoil mar ollscoil neamhdhíobháilach don chomhshaol agus freagrúil don tsochaí. Léirítear sa straitéis fis uailmhianach don champas i dtaca le bheith i dtús cadhnaíochta maidir leis an aistriú seo chuig todhchaí níos inbhuanaithe. Má bhíonn rath ar an straitéis, cinnteofar go gcuirfead le clú OÉ Gaillimh ar fud an domhain, go mbeidh meas ar na céimithe de bhri go bhfuil siad ullmhaithe don saol mór, go rachfár i ngleic sa taighde le dúshláin sa tsochaí agus go mbeifear ceannródaíoch ar an gcampas seo i dtaca leis an inbhuanaitheacht. Cheana féin, in OÉ Gaillimh, tá breis agus 200 cúrsa ar fáil atá dírithe ar cheisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol agus/nó leis an inbhuanaitheacht. Chomh maith leis sin, bhain an Ollscoil an t-ardghradam amach don champas is bithéagsúla i gcomórtas Bithbhlioz Idir-Ollscoile na hÉireann. Níos luaithe sa bhliain, d'fhógair an Ollscoil pleananna maidir lena cuid scaireanna i mbreosla iontaise a dhíol. Agus ag cur leis an ngluaiseacht seo, luaitear sa straitéis faoi shé théama, 20 beart chun rath ar an obair a chinntiú. Beidh siad seo mar tháscairí do thuilleadh dianobire amach anseo. Tá an straitéis mar thoradh ar phróiseas fada comhairliúcháin le comhaltaí foirne agus le mic léinn OÉ Gaillimh, chomh maith le comhpháirtithe eile cosúil le Grúpa Cúraim Sláinte Ollscoile Saolta.

<http://www.nuigalway.ie/sustainability/>

Muintir na Tíre Archive Donated to NUI Galway

NUI Galway has opened the archive of Muintir na Tíre (People of the Land) to scholars and the public. The archive is a major resource for understanding the development of rural Ireland in the last century. Muintir na Tíre was founded as a rural renewal movement in 1931 and contains an abundance of material relating to social and economic conditions in rural Ireland, Irish rural civil society, the involvement of the Catholic clergy in local community organising and rural civil society/state relationships over a period spanning more than 80 years. Commenting on the archive, Dr Caitriona Clear, Department of History, said: "The Muintir na Tíre archive tells of a hidden 20th century Ireland of community effort and enterprise, of men and women coming together to try to improve the lives of the many, rather than the few. We are accustomed to seeing the history of early 20th century Ireland as a narrative of failure, stagnation and repression. The story of Muintir and its members testifies to energy, optimism and sheer hard work over decades of difficulty."

Cartlann na hEagraíochta Muintir na Tíre tugtha ar lámh do OÉ Gaillimh

D'oscail OÉ Gaillimh cartlann na heagraíochta Muintir na Tíre do scoláirí agus don phobal. Tá an chartlann ina mórcmhainn i dtaca le tuiscint a fháil ar an bhforbairt faoin tuath in Éirinn sa chéad seo a chuaigh thart. Bunaíodh an eagraíocht Muintir na Tíre mar ghluaiseacht athnuachana tuaithe in 1931 agus tá go leor ábhar ann a bhaineann le cúinsí sóisialta agus geilleagair faoin tuath in Éirinn, leis an tsochaí shibhialta faoin tuath in Éirinn, an bhaint a bhí ag an gCléir Chaitliceach le heagrú na bpobal áitiúil agus na caidrimh idir sochaí shibhialta na tuaithe / an stáit le linn tréimhse breis agus 80 bliain. Agus i ag caint ar an gcartlann, dúirt an Dr Caitriona Clear, Roinn na Staire: "I gcartlann na heagraíochta Muintir na Tíre, tugtar eolas ar Éirinn cheilte an 20ú haois, áit ina raibh díograis agus fiontraíocht phobail go láidir, áit inar tháinig fir agus mná le chéile chun iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar shaol an phobail mhóir seachas an phobail bhig. Tá cleachtadh againn ar a bheith ag amharc ar stair na hÉireann i dtús an 20ú haois mar scéal ina raibh an teip, an mharbhántacht agus an cur faoi chois mar phríomhthéamaí ann. Tá an fuinneamh, an dóchas agus an dianobair a rinneadh as allas a malai le sonrú go láidir i scéal na heagraíochta Muintir na Tíre agus a cuid ball."

Fr. Hayes addressing a rally in the Mansion House, Dublin, outlining the aims of Muintir na Tíre, February 1955.



An tAth. Hayes ag labhairt le sλόgadh i dTeach an Ard-Mhéara, Baile Átha Cliath, agus é ag cur síos ar aidhmeanna Mhuinir na Tíre, Feabhra 1955.



GOLDCREST STUDENT ACCOMMODATION

Before the new academic year began in September 2018, the first students took up residence in their new homes in the 429-bed state-of-the-art Goldcrest Village. Minister for Housing, Planning and Local Government, Eoghan Murphy visited the new 429-bed campus accommodation in NUI Galway in advance of its official opening. The new Goldcrest Village is located on campus near to the existing 760-bed Corrib Village accommodation.

Pictured is Minister Murphy with NUI Galway students Niamh Gilmartin, 1st Year Commerce Global; Emmet Nolan, 1st Year Arts and Human Rights; Professor Ciarán Ó hÓgartaigh, President of NUI Galway and NUI Galway students John Gaffey, 1st Year Arts and Creative Writing and Hannah O’Kane, 1st Year Engineering.

BAILE AN CHÍORBHUI - LÓISTÍN DO MHC LÉINN

Sular thosaigh an bhliain nua acadúil i Meán Fómhair 2018 chuir an chéad ghrúpa mac léinn fúthu ina dtíthe nua i mBaile an Chiorbhuí, forbairt thar a bheith nua-aimseartha ina bhfuil 429 leaba. Thug an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Eoghan Murphy cuairt ar an lóistín nua 429 leaba in OÉ Gaillimh sular osclaíodh go hoifigiúil é. Tá Baile an Chiorbhuí lonnaithe ar an gcampus in aice le Baile na Coiribe, lóistín ina bhfuil 760 leaba cheana.

Sa phictiúr tá an tAire Murphy le mic léinn OÉ Gaillimh, Niamh Gilmartin, an Chéad Bhliain sa Tráchtáil Dhomhanda; Emmet Nolan, an Chéad Bhliain sna Dána agus Cearta an Duine; an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Uachtarán OÉ Gaillimh agus mic léinn OÉ Gaillimh, John Gaffey, an Chéad Bhliain sna Dána agus an Scríbhneoireacht Chruithaitheach agus Hannah O’Kane, an Chéad Bhliain san Innealtóireacht.



President Ó hÓgartaigh with President of Ireland, Michael D Higgins, John Cox, Librarian and Cuan Ó Seireadáin, Conradh na Gaeilge

An tUachtarán Ó hÓgartaigh le hUachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, John Cox, Leabharlannai agus Cuan Ó Seireadáin, Conradh na Gaeilge

President Higgins Addresses Symposium On Irish Language

President of Ireland, Michael D. Higgins was the keynote speaker at a symposium on Conradh na Gaeilge and the Revival of Irish which was held at NUI Galway in June 2018. The day-long symposium, '125 bliain ag Fás – An Athbheochan agus Conradh na Gaeilge', was the University's main event for Bliain na Gaeilge, marking the 125th anniversary of the establishment of Conradh na Gaeilge. The event also celebrated the decision of Conradh na Gaeilge in 2017 to deposit its archives in NUI Galway. An archivist has recently been appointed to catalogue the archive, including some material to be selected for digitisation.

Speaking about the symposium, NUI Galway President, Professor Ciarán Ó hÓgartaigh said: "This symposium serves as a major contribution to Bliain na Gaeilge, marking 125 years of Conradh na Gaeilge, and will enable scholars and language policy makers to reflect on language development over the past century while also looking to the future of the Irish language."

Labhair an tUachtarán Ó hUiginn ag Siompóisiam ar an nGaeilge

Ba é an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn an príomhchainteoir ag siompóisiam ar Chonradh na Gaeilge agus ar Athbheochan na Gaeilge a bhí ar bun in OÉ Gaillimh, Mí Meitheamh 2018. Bhí an siompóisiam '125 bliain ag Fás – An Athbheochan agus Conradh na Gaeilge' ar siúl ar feadh aon lae amháin agus ba í an príomhócáid í a bhí ar bun san Ollscoil do Bhliain na Gaeilge, ócáid ina ndearnadh ceiliúradh ar 125 bliain ó bunaíodh Conradh na Gaeilge. Rinneadh ceiliúradh chomh maith ar chinneadh Chonradh na Gaeilge in 2017 a chartlann a thabhairt ar lámh do OÉ Gaillimh. Rinneadh cartlannaí a fhostú le gairid chun an chartlann a chatalógú, lena n-áirítear roinnt ábhair a roghnú lena dhigitiú.

Agus é ag labhairt ar an siompóisiam, dúirt Uachtarán OÉ Gaillimh, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh: "Cuireann an siompóisiam seo go mór le Bliain na Gaeilge, agus ceiliúradh á dhéanamh ar 125 bliain de Chonradh na Gaeilge. Cuideoidh sé le lucht léinn agus le lucht déanta polasai teanga machnamh a dhéanamh ar an bhforbairt teanga ó thús an chéid seo a chuaigh thart ar aghaidh ach chomh maith leis sin, breathnú ar thodhchaí na Gaeilge."

Getting Ireland brexit ready

An Tánaiste and Minister for Foreign Affairs and Trade, Simon Coveney, hosted the Getting Ireland Brexit Ready workshop at the University in October 2018. The Getting Ireland Brexit Ready workshop events were hosted to inform and advise about Brexit preparedness and the range of support measures and resources that the Government has put in place.

Earlier in the year Taoiseach Leo Varadkar hosted the regional launch of Project Ireland 2040 - the Government's €116 billion plan to re-imagine Ireland and to prepare for a future society which will have an extra one million people with 660,000 more people at work. Speaking at NUI Galway, Taoiseach Leo Varadkar said: "Project Ireland 2040 recognises the importance of Galway and the west of Ireland in planning for the future of our country and to ensure balanced regional growth."

Éire a Ullmhú don Bhreathimeacht

Thionóil an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, an cheardlann Éire a Ullmhú don Bhreathimeacht san Ollscoil i mí Dheireadh Fómhair 2018.

Cuireadh na himeachtaí ceardlaine Éire a Ullmhú don Bhreathimeacht ar bun chun eolas a chur ar fáil agus treoir a thabhairt i dtaca le hullmhú don Bhreathimeacht agus i dtaca leis na bearta agus na hacmhainní atá á gcur ar fáil ag an Rialtas lena aghaidh.

Ag tráth ní ba luaithe in 2018, rinne an Taoiseach Leo Varadkar sonraí i dtaca leis an Tionscadal Éire 2040 a phlé in OÉ Gaillimh. Is éard atá i dTionscadal Éire 2040 ná plean €116 billiún an Rialtais chun Éire a athshamhlú agus ullmhú do shocháil amach anseo ina mbeidh daonra de 1 mhilliún sa bhreis agus 660,000 duine breise ag obair. Agus ag labhairt dó in OÉ Gaillimh, dúirt an Taoiseach Leo Varadkar: "Tugtar aitheantas i dTionscadal Éire 2040 go bhfuil tábhacht le Gaillimh agus le hiarthar na hÉireann sa phleanúil do thodhchaí ár dtíre agus go gcaithfear a chinntiú go mbeidh fás cothrom réigiúnach ann."

UNESCO INTERNATIONAL HONORARY BIENNIAL LECTURE 2018

NUI Galway hosted the UNESCO International Honorary Biennial lecture in May 2018 with a public lecture entitled, 'Reform in Cook County and Juvenile Justice', presented by Ms Toni Preckwinkle, President of the Board of Commissioners in Cook County, Illinois. The talk focused on Ms Preckwinkle's leadership to develop policies to improve health care access, bring increased fairness to the criminal justice system and expand employment training opportunities for some of the County's most disadvantaged youth. President Preckwinkle is a nationally recognised leader in the drive to reduce unnecessary and costly incarceration of non-violent offenders in the criminal justice system. She is also the 35th president of the Cook County Board of Commissioners, an office she has held since 2010. She is one of the candidates for the Mayoral Race in Chicago in 2019.

Galway and Chicago, which lies within Cook County, have been Sister Cities for over 21 years. Since then the two cities have developed a strong partnership based on a shared vision of creating programs and exchanges for the benefit of the citizens of both cities.

LÉACHT IDIRNÁISIÚNTA DHÉBHLIANTÚIL OINIGH UNESCO 2018

Chuir OÉ Gaillimh Léacht Idirnáisiúnta Dhébhliantúil Oinigh UNESCO ar siúl i mí na Bealtaine 2018 agus ba é teideal na léachta 'Reform in Cook County and Juvenile Justice' a thug Toni Preckwinkle, Uachtarán, Bord na gCoimisinéirí, Cook County, Illinois. Diríodh sa chaint ar cheannródaíocht Toni Preckwinkle i dtaca le polasaithe a fhorbairt chun rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú; breis cothromaíochta a chur i bhfeidhm sa chóras dlí choiriúil; agus deiseanna oiliúna fostaíochta a mhéadú do na daoine óga is mó atá faoi mhíbhuntáiste in Cook County. Tá clú ar fud Mheiriceá ar an Uachtarán Preckwinkle mar gheall ar a cuid iarrachtaí chun laghdú a dhéanamh ar an tréimhse neamhriachtanach agus chostasach a chaitheann ciontóirí neamhfhoréigneacha sa chóras dlí choiriúil. Tá sí ar an 35ú uachtarán ar Bhord na gCoimisinéirí in Cook County, post atá aici ó 2010. Tá Gaillimh agus Chicago, atá suite in Cook County, ina gcomhchathracha le breis agus 21 bliain. Ó bunaíodh an nasc seo, forbraíodh comhpháirtíocht láidir idir an dá chathair seo bunaithe ar fhís atá i gcoiteann acu i dtaca le cláir agus le cuairteanna malartaithe a bhunú a rachaidh chun sochair do shaoránaigh sa dá chathair.

At the official launch of FIOS FÍSE - a new partnership established between NUI Galway and RTÉ regarding research into Irish language Broadcasting, from left: Dave Moore, TG4; Professor Ciarán Ó hÓgartaigh, President, NUI Galway; Séamas Ó Concheanainn, Project Director, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, NUI Galway; Dee Forbes, Director General RTÉ; and Dr. Eilís Ní Dhúill, Postgraduate Researcher with Fios Fise



Ag seoladh oifigiúil FIOS FÍSE - comhpháirtíocht nua bunaithe idir OÉ Gaillimh agus RTÉ maidir le Taighde Craoltóireachta Gaeilge ó chlé tá: Dave Moore, TG4; an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Uachtarán OÉ Gaillimh; Séamas Ó Concheanainn, Stiúrthóir an Tionscadail, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh; Dee Forbes, Ceannasaí RTÉ; agus an Dr Eilís Ní Dhúill, Taighdeoir Iardhochtúireachta le Fios Fise



TIONSCNAMH NUA TAIGHDE IDIR OÉ GAILLIMH AGUS RTÉ

Bhunaigh OÉ Gaillimh, i gcomhar le RTÉ, tionscnamh nua taighde ar lucht éisteachta na Gaeilge. Fiosróidh Fios Físe freastal, leibhéil sástachta agus nósanna éisteachta lucht labhartha na Gaeilge, ar oileán na hÉireann, i dtaca le RTÉ Raidió na Gaeltachta. Mar chuid den tionscadal, atá á reáchtáil faoi scáth Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, beidh 500 duine páirteach sa phainéal taighde seo ar lucht éisteachta, agus beidh an 500 duine sin ionadaíoch ar lucht labhartha na Gaeilge i ngach cearn d'Éirinn. Beidh critéir theanga,

thréolaíochta agus dhéimeagrafacha le cur san áireamh i roghnú an phainéil seo agus cuirfidh rannpháirtithe suirbhé seachtainiúil ar líne i gcrích agus cuirfear na torthaí seo chuig RTÉ ar bhonn rialta.

Chomh maith leis seo, shínigh OÉ Gaillimh agus RTÉ Meabhrán Tuisceana do MA nua i gCleachtas Gairmiúil sna Meáin, cúrsa ina mbeidh an bhéim ar fhoghlaim atá bunaithe ar chleachtas trí Ghaeilge i roinnt stiúideonna de chuid RTÉ. Chuir Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge tús leis an gcúrsa seo in OÉ Gaillimh i Meán Fómhair 2018.

NEW RESEARCH INITIATIVE BETWEEN NUI GALWAY AND RTÉ

NUI Galway has established a new Irish language audience research initiative in partnership with RTÉ. Fios Físe will investigate the reach, satisfaction levels and listening habits of Irish speakers, on the island of Ireland, with regard to RTÉ Raidió na Gaeltachta. The project, which will be run by Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, will comprise an audience research panel of 500 contributors, representative of the Irish speaking population throughout Ireland. Linguistic, geographical and demographic criteria will inform

the composition of this panel and participants will complete a weekly online survey, the results of which will be submitted to RTÉ on a regular basis.

NUI Galway and RTÉ also signed a Memorandum of Understanding for a new MA (Cleachtas Gairmiúil sna Meáin) in professional practice in media, with an emphasis on practice-based learning through Irish at a number of RTÉ studios. This new MA programme will be offered by Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge at NUI Galway from September 2018.

PLASTIC POLLUTION

NO WATER NO LIFE NO BLUE NO GREEN*

NUI Galway Study Finds 73% of Deep Water Fish Ingested Microplastics From the Northwest Atlantic Ocean

TRUAILLIÚ Ó PHLAISTIGH

GAN UISCE GAN BHEATHA GAN GHORM GAN GHLAS*

Léiríonn staidéar a rinneadh in OÉ Gaillimh go bhfuil micriphlaistigh ionghafa ag 73% d'éisc dhomhainmhara ó fharraige Thiar-Thuaidh an Atlantaigh





*Quote attributed to Sylvia Alice Earle DSc, an American marine biologist, explorer, author and lecturer. She has been a National Geographic explorer-in-residence since 1998. Earle was the first female chief scientist of the U.S. National Oceanic and Atmospheric Administration and was named by Time Magazine as its first Hero for the Planet in 1998. She is also part of the group Ocean Elders, which is dedicated to protecting the ocean and its wildlife.

*Luaitear an ráiteas seo leis an Meiriceánach Sylvia Alice Earle DSc, ar bitheolaí mara, taiscéalái, údar agus léachtóir í. Is duine de thaiscéalaithe cónaitheacha National Geographic ó 1998 í. Is í Earle an chéad phríomheolaí mná le Roinn Náisiúnta Riaracháin na nAigéan agus an Atmaisféir sna Stáit Aontaithe agus d'ainmnigh Time Magazine í mar chéad Laoch don Phláinéad in 1998. Baineann sí freisin leis an ngrúpa Ocean Elders, a bhfuil sé mar aidhm aige an t-aigéan agus an fiadhúlra atá ann a chosaint.

A study carried out by marine scientists at NUI Galway has found that 73% of 233 deep water fish from the Northwest Atlantic Ocean had ingested plastic particles. The research was published in the international peer-reviewed journal *Frontiers in Marine Science*.

As part of the study, the NUI Galway scientists participated in a transatlantic crossing on-board the Marine Institute's Celtic Explorer research vessel. Over the course of this crossing, dead deep sea fish were taken from midwater trawls in the Northwest Atlantic Ocean, from a depth of up to 600m using large fishing nets. The fish were then inspected at the University's Ryan Institute for microplastics in their stomach contents.

Microplastics are small plastic fragments that commonly originate from the breakdown of larger plastic items entering our oceans. Other sources may be waste water effluents carrying plastic fibres from clothing and microbeads from personal care products.

Alina Wieczorek, lead author of the study and PhD candidate from the School of Natural Sciences and Ryan Institute at NUI Galway, said: "Deep water fish migrate to the surface at night to feed on plankton and this is most likely when they are exposed to the microplastics. One of the inspected Spotted Lanternfish, which was 4.5cm in size, had 13 microplastics extracted from its stomach contents. The identified microplastics were mostly fibres, commonly blue and black in colour. Some only measured 50 microns in length. In total, 233 fish were examined with 73% of them having microplastics in their stomachs, making it one of the highest reported frequencies of

microplastic occurrence in fish worldwide."

Previous studies have shown that microplastics can be ingested by numerous marine animals including zooplankton, worms and fish. The ingestion of microplastics by these animals may cause internal physical damage, inflammation of intestines, reduced feeding and other effects. In addition, many of these ingested microplastics have associated additives, such as colourants and flame retardants that are added to plastics during the production process and/or pollutants that are absorbed onto the microplastics from the sea. There is evidence that some of these toxins on the microplastics can be transferred to animals that eat them, with potential harmful effects.

Dr Tom Doyle, a co-author of the study, said: "While there is clearly a concern that the ingestion of microplastics with associated toxins may have harmful effects on these fish, or even the fish that feed on them, our study highlights that these seemingly remote fish located thousands of kilometres from land and 600m down in our ocean are not isolated from our pollution. Indeed, it's worrying to think that our daily activities, such as washing our synthetic clothes in our washing machines, result in billions of microplastics entering our oceans through our waste water stream and that these may eventually end up in these deep sea fish."

The research was carried out within the PLASTOX project, a European collaborative effort to investigate impacts of microplastics on the marine environment under the JPI Oceans framework and supported by the iCIRAG (Irish Centre for Research in Applied Geoscience) project, funded by Science Foundation Ireland.

73%
OUT OF 233
DEEP WATER FISH
HAVE INGESTED PLASTIC

EVERY YEAR

8

million
tonnes
OF PLASTIC
GOES INTO
THE OCEAN

Rinne eolaithe mara in OÉ Gaillimh staidéar a thug chun solais go bhfuil cáithníní plaisteacha ionghafa ag 73% as 233 iasc domhainmhara a tógadh as farraigí an Atlantaigh Thiar-Thuaidh. Foilsíodh an taighde san iris idirnáisiúnta phiarmheasta, *Frontiers in Marine Science*.

Mar chuid den staidéar, bhí eolaithe OÉ Gaillimh páirteach i dturas trasatlantach ar bord ártach taighde Fhoras na Mara, an Celtic Explorer. Agus iad i mbun an turais, bhain siad úsáid as eangacha móra iascaireachta chun tráil a dhéanamh síos chomh fada le 600 méadar san Atlantach Thiar-Thuaidh, agus thóg siad éisc dhomhainmhara bhásaithe. Rinneadh scrúdú ar na héisc ina dhiaidh sin in Institiúid Uí Riain na hOllscoile, féachaint an raibh micriphlaistigh ina mbolg.

Is bliúirí beaga plaisteacha iad micriphlaistigh a dtagann ann dóibh nuair a dhianscaoiltear míreanna plaisteacha níos mó a théann isteach san fharraige. I measc na bhfoinsí eile a d'fhéadadh a bheith ann, áirítear eisiltigh dramhuisce a iompraíonn snáithíní plaisteacha ó éadaí, agus micreachoirmíní ó tháirgí cúraim phearsanta.

Seo mar a labhair Alina Wieczorek, príomhúdar an staidéir agus mac léinn PhD ó Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha agus Institiúid Uí Riain in OÉ Gaillimh: “Tagann éisc dhomhainmhara aníos go barr uisce istoíche chun iad féin a bheathú ar phlanctón, agus gach seans gur ag an bpointe sin a thagann siad i dteagmháil le micriphlaistigh. Baineadh 13 mhicriphlaisteach as bolg ceann de na Lóchrannacha Ballach a ndéanadh scrúdú air agus a bhí 4.5cm ar fad. Snáithíní den chuid is mó a bhí sna micriphlaistigh a aithníodh, agus dath gorm nó dubh orthu go minic. Ní raibh roinnt acu ach 50 micrón ar fad. Scrúdaíodh 233 iasc san iomlán agus bhí micriphlaistigh ina mbolg ag 73% díobh, rud a d'fhág go raibh sé seo ar cheann de na rátaí ab airde de

mhicriphlaistigh in éisc ar bhonn domhanda.”

Tá léirithe i staidéir roimhe seo gur féidir le raon leathan ainmhithe mara micriphlaistigh a ionghabháil, zóplanctón, péisteanna agus éisc san áireamh. Nuair a ionghabhann na hainmhithe seo micriphlaistigh, d'fhéadadh díobháil fhísiciúil, athlasadh na stéige, beathú laghdaithe mar aon le héifeachtaí eile a bheith mar thoradh air. Anuas air sin, is iomaí ceann de na micriphlaistigh seo a ionghabhtar a bhfuil breiseáin ghaolmhara iontu, leithéidí dathán agus lasairmhoillithigh a chuirtear ar phlaistigh uair a dtáirgte agus/nó truailléain a ionsúitear ar na micriphlaistigh ón bhfarraige. Tá fianaise ann go bhféadfaí roinnt de na tocsainí sin ar na micriphlaistigh a aistriú chuig ainmhithe a itheann iad, agus go bhféadadh iarmhairtí díobhálacha a bheith leis sin.

Labhair an Dr Tom Doyle, duine de chomhúdair an staidéir, mar seo a leanas: “Bíodh is go bhfuil ábhar imní soiléir ann go bhféadadh éifeachtaí díobhálacha a bheith ag ionghabháil micriphlaistigh le tocsainí ar na héisc, nó ar na héisc a bheathaíonn iad féin orthu, léiríonn an staidéar seo nach bhfuil na héisc seo atá na mílte ciliméadar ón talamh agus ar dhoimhneacht 600m san fharraige scoite amach ó thruaillí an duine. Is díol imní freisin é go bhfágann ár ngníomhaíochtaí laethúla, cosúil lenár n-éadaí sintéiseacha a ní inár meaisíní níos áine, go bhfuil na billiúin micriphlaisteach ag sileadh isteach san fharraige trí dhramhuisce, agus go bhféadadh na héisc dhomhainmhara seo iad a ionghabháil ar deireadh.”

Ba chuid den tionscadal PLASTOX an taighde seo, ar iarracht chomhoibriúch Eorpach é chun imscrúdú a dhéanamh ar na hiarmhairtí atá ag micriphlaistigh ar an timpeallacht mhuirí. Tugadh faoin obair faoi choimirce an chreata JPI Oceans agus le tacaíocht ón tionscadal iCRAG (An tIonad Éireannach do Thaighde Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha), atá maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

73%

AS 233

TÁ PLAISTIGH IONGHAFÁ
AG 73% AS 233 IASC
DOMHAINMHARA

GACH BLIAIN
TEANN

8

milliún
tonna

DE PHLAISTIGH
ISTEACH SNA
HAIGEÍN

Inspirational **Research**

Taighde
Inspioráideach

BELIEF/COMPLIANCE

The reality of teaching religion in Ireland

New study finds attitudes of those in initial teacher education have a tendency to comply with, rather than endorse or reject, teaching religion


The School of Education at NUI Galway has carried out the first-ever study in Ireland that explores the religious affiliations and religiosity of applicants and entrants to undergraduate primary Initial Teacher Education (ITE) programmes in Ireland. The research explores the religious backgrounds, religious practice and attitudes towards teaching religion in primary teacher education programmes. While there has been much debate about the compatibility of publicly funded denominational schools with growing religious pluralism and secularism in Ireland, these debates have so far mostly focused on equity of access to state-run schools and freedom of religion and conscience for children and their families. The position of teachers in a predominantly denominational primary school system has received much less attention in academic and policy discourse.

The study highlights the need to critically examine teaching and teacher education policy and practice, including access to Initial Teacher Training, the ITE curricular and pedagogical spaces, school cultures and employment legislation, from a social justice perspective that includes a religious diversity dimension.

The data gathered suggests low levels of religious practice and religiosity among ITE applicants, many of whom would prefer to teach religion using a non-confessional approach. The study raises questions regarding the experiences, constitutional rights and professional practice of increasingly secular and/or non-practicing Catholic teacher cohorts in a predominantly Catholic primary education system that has survived the trend towards the progressive 'unchurching' of Europe.

25%

NON-RESPONSE RATE TO AN OPEN-ENDED QUESTION PROBING RESPONDENTS TO EXPRESS THEIR FEELINGS ABOUT TEACHING RELIGION.



CREIDEAMH/COMHLÍONADH

Ag teagasc an reiligiúin in Éirinn

I dtorthaí ar staidéar nua, tugtar le fios go bhfuil sé de chlaonadh acu siúd atá faoi oiliúint tosaigh múinteoirí a bheith comhlíontach i dtaca le múineadh reiligiúin, seachas tacú leis ná diúltú dó

Rinne Scoil an Oideachais in OÉ Gaillimh an chéad staidéar riamh in Éirinn ar chleamhnacht reiligiúnach agus ar chráifeachas na n-iarratasóirí agus na n-iontrálaithe i gclár fochéime Oiliúint Tosaigh Múinteoirí in Éirinn. Scagtar cúlraí reiligiúin sa taighde, chomh maith le cleachtais agus dearchtaí reiligiúnacha i dtaca le múineadh an reiligiúin sna cláir oiliúna do mhúinteoirí bunscoile. Cé go bhfuil go leor plé déanta go dtí seo i dtaca le maoiniú poiblí a bheith á fháil ag scoileanna sainchreidmheacha i gcomhthéacs an t-iolrachas reiligiúnach agus an dí-eaglaiseachas a bheith ag dul i dtreis in Éirinn, díriodh go príomha go dtí seo ar theacht cothrom a bheith ag daltaí ar scoileanna stáit agus ar shaoirse reiligiúin agus coinsiasa na bpáistí agus a dteaghlaih. Is beag aird a tugadh go dtí seo sa dioscúrsa acadúil ná polasaí ar dhearcadh na múinteoirí sa chóras seo, ar chóras sainchreidmheach bunscoile go príomha é.

Cuirtear béim sa staidéar ar an ngá atá le hanailís chriticiúil a dhéanamh ar pholasaithe agus ar chleachtas teagaisc agus oideachais múinteoirí, lena n-áirítear rochtain ar Oiliúint Tosaigh Múinteoirí, na gnéithe curaclaim agus oideolaíochas a bhaineann le hOiliúint Tosaigh Múinteoirí, cultúr scoileanna agus reachtaíocht fostaíochta, ó pheirspictíocht an cheartais shóisialta a bhfuil gné den ilchineálacht reiligiúnach ina cuid di.

Tugtar le fios ó na sonraí a bailíodh go bhfuil leibhéal íseal cleachtais reiligiúnaigh agus cráifeachais i measc na n-iarratasóirí ar an Oiliúint Tosaigh Múinteoirí, agus gurbh fhearr leis an tromlach acu reiligiún a mhúineadh ar bhealach nach bhfuil dírithe go sonrath ar chreideamh amháin. Ardaítear ceisteanna sa staidéar i dtaca le heispéiris, cearta bunreachtúla agus cleachtas gairmiúil na múinteoirí a bhaineann le cohórt tuata agus/nó cohórt nach gcleachtann an creideamh Caitliceach agus atá ag obair i gcóras bunscoile atá Caitliceach den chuid is mó, córas a tháinig slán ón ngluaiseacht láidir i dtreo dhí-eaglaisiú na hEorpa.

25%

RÁTA NA BHFREAGRÓIRÍ NÁR THUG FREAGRA AR CHEIST OSCAILTE INAR IARRADH ORTHU A GCUID MOTHÚCHÁN FAOI MHÚINEADH REILIGIÚIN A CHUR IN IÚL.

Making consent smart

NUI Galway leads the way on the issue of consent

In August 2018, the Minister of State for Higher Education, Mary Mitchell O'Connor, launched a research report on sexual consent among third level students, carried out by the NUI Galway SMART Consent research team in collaboration with their partners at four other Universities in Ireland. The report, 'Are Consent Workshops Sustainable and Feasible in Third Level Institutions?', includes surveys with over 3,500 students conducted at NUI Galway; consent workshops held at four colleges nationally with 761 students; and flags a new education and awareness campaign, Consent=OMFG (Ongoing, Mutual, Freely Given), which includes four short interactive films on consent.

The report builds on a programme of research since 2013 that has explored the meaning of consent among college students, tested the effectiveness of the SMART Consent workshop, and surveyed students on sexual consent behaviours and attitudes (see www.nuigalway.ie/smartconsent/).

To read the full report on SMART Consent, visit: <http://www.nuigalway.ie/smartconsent/>.

Ar an eolas faoin toiliú

OÉ Gaillimh ina cheannródaí ar eolas ar an toiliú a chur chun cinn

I mí Lúnasa 2018, sheol an tAire Stáit a bhfuil freagracht as Ardoideachas uirthi, Mary Mitchell O'Connor, tuairisc taighde ar thoiliú gnéis i measc mhic léinn tríú leibhéal. Foireann taighde SMART Consent OÉ Gaillimh a thug faoin taighde seo i gcomhar lena comhpháirtithe i gceithre Ollscoil eile in Éirinn. Áiríodh sa tuairisc 'Are Consent Workshops Sustainable and Feasible in Third Level Institutions?' torthaí suirbhé a rinneadh le breis agus 3,500 mac léinn in OÉ Gaillimh; ceardlanna ar thoiliú a reáchtáladh i gceithre choláiste ar fud na tíre le 761 mac léinn; agus tarraingíodh aird sa tuairisc ar fheachtas nua oideachais agus feasachta, Consent=OMFG (Ongoing, Mutual, Freely Given), a bhfuil ceithre ghearrscannán idirghníomhacha ar an toiliú san áireamh leis.

Tá an tuairisc bunaithe ar chlár taighde atá ar bun ó 2013 inar cíoradh an bhrí atá le toiliú i measc mhic léinn na gcoláistí; inar tástáladh éifeachtúlacht na ceardlaine SMART Consent; agus ina ndearnadh suirbhé ar iompar agus ar dhearcadh na mac léinn i dtaca le toiliú gnéis (amharc ar www.nuigalway.ie/smartconsent/).

Chun an tuairisc iomlán a léamh ar SMART Consent, téigh chuig: <http://www.nuigalway.ie/smartconsent/>.

SEXUAL CONSENT - no grey area

In March 2017, a new legal definition of consent to a sexual act was signed into law. The new statutory definition clarifies that a person is incapable of consenting in a range of scenarios – including if they are asleep, unconscious or incapable of consenting as a result of intoxication through drugs or alcohol. The law also states that consent can be revoked at any time and that “any failure or omission on the part of a person to offer resistance to an act does not of itself constitute consent to that act.” Alongside the new consent definition, the new act includes measures aimed at protecting children from sexual exploitation and laws criminalising the purchase of sex. The legislation introduces a specific offence outlawing the use of communications technology to target and groom children for sexual exploitation online. This new offence includes communicating with a child online for the purpose of sexual exploitation and the sending of sexually explicit material to a child. There are also new and offences relating to child pornography and sexual acts with under-age children.

TOILIÚ GNÉIS - chomh soiléir le grian an mheán lae

I mí an Mhárta 2017, síníodh ina dhílí sainmhíniú nua dlíthiúil ar thoiliú i dtaca le gníomh gnéasach. Soiléirítear sa sainmhíniú nua reachtúil nach bhfuil duine ábalta toiliú i gceart i gcomhthéacsanna ar leith – lena n-áirítear nuair a bhíonn siad ina gcodladh, nuair a bhíonn siad gan aithne gan urlabhra nó nuair nach mbíonn sé ar a gcumas toiliú mar thoradh ar mheisce trí dhruagá nó trí alcól. Chomh maith leis seo, tugtar le fios sa dlí gur féidir an toiliú a tharraingt siar am ar bith agus “any failure or omission on the part of a person to offer resistance to an act does not of itself constitute consent to that act.”


Chomh maith leis an sainmhíniú nua ar thoiliú, tá bearta san áireamh san acht nua ina ndírítear ar chosaint a thabhairt do pháistí ó dhúshaothrú gnéis agus tá dlíthe ann ina ndéantar coir as gnéas a cheannach. Tá coir ar leith leagtha amach sa reachtaíocht ina gcuirtear cosc ar úsáid a bhaint as teicneolaíocht na cumarsáide chun teacht i dtír ar pháistí agus mealltóireacht a dhéanamh orthu, féachaint le dúshaothrú gnéis a dhéanamh ar líne. Mar chuid de seo, is coir anois é teagmháil a dhéanamh le páiste ar líne ar mhaithe le dúshaothrú gnéis a dhéanamh orthu nó ábhar a bhaineann le gnéas a sheoladh chucu. Sonraítear coireanna nua freisin a bhaineann le pornagrafaíocht páistí agus gníomhartha gnéis le páistí faoi aois.

14% OF WOMEN* WERE NEUTRAL

71% OF WOMEN* WERE DISSATISFIED WITH THE SEXUAL HEALTH EDUCATION THEY RECEIVED AT SCHOOL

BHÍ 14% DE MHNÁ* NEODRACH

BHÍ 71% DE MHNÁ* MÍSHÁSTA LEIS AN OIDEACHAS A CUIREADH ORTHU AR SCOIL I DTACA LE CÚRSAÍ GNÉIS



15% OF WOMEN* WERE SATISFIED


BHÍ 15% DE MHNÁ* SÁSTA

17% OF MEN* WERE NEUTRAL

63% OF MEN* WERE DISSATISFIED WITH THE SEXUAL HEALTH EDUCATION THEY RECEIVED AT SCHOOL

BHÍ 17% D'FHIR* NEODRACH

BHÍ 63% D'FHIR* MÍSHÁSTA LEIS AN OIDEACHAS A CUIREADH ORTHU AR SCOIL I DTACA LE CÚRSAÍ GNÉIS



20% OF MEN* WERE SATISFIED

BHÍ 20% D'FHIR* SÁSTA

*In a survey of 2,150 students nationally | *I suirbhé de 2,150 mac léinn ar fud na tíre

54% OUT OF 632

students surveyed of first-year women students report experiencing sexual hostility or crude gender harassment at some point since starting college,

RISING TO 64%

among second-year women students and

70% OF WOMEN

students in third year or a subsequent year.

THE COMPARABLE FIGURES FOR MEN ARE:

25%, 37% AND 40%

DÚIRT 54% DEN 632

mac léinn a cuireadh faoi shuirbhé, agus ar mná sa chéad bhliain iad, gur tharla eachtra dhiúltach ghnéis dóibh nó go ndearnadh ciapadh gáirsiúil inscne orthu ag am éigin ó thosaigh siad ar an gcoláiste.

D'ARDAIGH AN UIMHIR SEO GO DTÍ 64%

i gcás mic léinn mná sa dara bliain agus go

70% I MEASC NA MBAN

sa tríú bliain nó i mbliain eile ina dhiaidh sin.

FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA I GCÁS NA bhFEAR:

25%, 37% AGUS 40%

PARTNERSHIP ON AUTONOMOUS VEHICLES


Researchers from the Lero SFI Research Centre at NUI Galway have signed an autonomous vehicles Research and Development partnership with Valeo, the major automotive supplier headquartered in Paris, France. Funding for the programme comes from Science Foundation Ireland (SFI) and Valeo. The research will focus on helping autonomous vehicles to better navigate in complex, real world conditions using sensor signal processing technology, which will be tested at the NUI Galway campus. A team of up to 30 Lero NUI Galway and Valeo engineers based in Tuam, Ireland, will work on the project.

(l to r) Dr Martin Glavin, Dr Ciarán Hughes and Dr Edward Jones of the College of Engineering & Informatics.

COMHPHÁIRTÍOCHT MAIDIR LE FORBAIRT FEITHICLÍ FÉINRIALAITHEACHA

Rinne taighdeoirí ó Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann Lero in OÉ Gaillimh, comhpháirtíocht taighde agus forbartha ar fheithiclí féinrialaitheacha a shíniú le Valeo, an mórsholáthraí uathghluaisneach atá lonnaithe i bPáras sa Fhrainc. Tagann maoiniú don chlár seo ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus ó Valeo. Díreofar sa taighde seo ar fheabhas a chur ar fhéinstiúir na bhfeithiclí féinrialaitheacha faoi choinníollacha réadúla. Déanfar amhlaidh trí leas a bhaint as teicneolaíocht a phróiseálann comharthaí braiteoirí, teicneolaíocht a dhéanfar a thástáil ag campas OÉ Gaillimh. Oibreoidh foireann de 30 innealtóir as Lero, OÉ Gaillimh agus as Valeo, atá lonnaithe i dTuam, ar an tionscadal seo.

(ó chlé go deas) An Dr Martin Glavin, an Dr Ciarán Hughes agus an Dr Edward Jones ó Choláiste na hInnealtóireachta & na hIonformaitice.



A microscopic view of various cells and viruses. Some cells are spherical with a textured surface, while others are more complex with protrusions. The background is dark with some blue and purple hues, suggesting a biological or medical context.

NEW RESEARCH USES STEM CELLS TO TARGET TUMOURS

A research study led by Dr Róisín Dwyer's research group from the Lambe Institute for Translational Research at NUI Galway has identified a novel approach that could potentially be used to treat breast cancer when it has spread to other organs. Using tiny vesicles released by adult stem cells, the study was published in the internationally renowned cancer journal, *Oncogene* and involved a multidisciplinary partnership between colleagues at NUI Galway and collaborators in UCD. It is hoped that the findings of the study could represent a safe and effective way to treat breast cancer when it has spread to other organs of the body.

I dTAIGHDE NUA, BAINTEAR ÚSAID AS GASCHEALLA CHUN DUL I NGLEIC LE SIADAÍ AILSE

I staidéar taighde a bhí faoi stiúir ghrúpa taighde an Dr Róisín Dwyer ó Institiúid Lambe don Taighde Aistritheach in OÉ Gaillimh, thángthas ar chur chuige nua a d'fhéadfaí a chur chun feidhme sa chóireáil i gcoinne ailse bhrollaigh nuair atá sí i ndiaidh spré go dtí orgáin eile. Sa staidéar seo baineadh úsáid as saicíní beaga bídeacha a scaoiltear as na gaschealla aosacha. Rinneadh an staidéar a fhoilsiú san iris *Oncogene*, iris a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi agus a bhaineann le cúrsaí ailse. Bhí comhpháirtíocht ildisciplíneach i gceist san obair seo idir comhghleacaithe in OÉ Gaillimh agus comhoibríthe in UCD. Táthar ag súil go mbeifear ábalta leas a bhaint as torthaí an taighde seo chun teacht ar bhealach sábháilte agus éifeachtach sa chóireáil a dhéantar ar ailse bhrollaigh nuair atá sí i ndiaidh spré chuig orgáin eile na colainne.



First Irish record of spider feeding on reptile

Researchers from the Ryan Institute at NUI Galway and the Herpetological Society of Ireland recently published the first record of a spider feeding on a reptile in Ireland. The Noble False Widow spider, which has colonised much of Ireland since first being recorded here 20 years ago, has been observed feeding on Ireland's only native terrestrial reptile, the Viviparous lizard. The report was published in the Proceedings of the Royal Irish Academy journal. Recorded in a private garden in Killiney, Co. Dublin in May 2017, the 8.5cm juvenile Viviparous lizard was found entangled on a web with the 3.3cm Noble False Widow spider feeding on its flesh.

An chéad taifead riamh in Éirinn de dhamhán alla á bheathú féin ar reiptíl

D'fhoilsigh taighdeoirí ó Institiúid Uí Riain in OÉ Gaillimh agus ó Chumann Reiptíleolaíochta na hÉireann an chéad taifead riamh in Éirinn de dhamhán alla á bheathú féin ar reiptíl. Rinneadh an Noble False Widow Spider, atá ar fáil go fairsing in Éirinn le 20 bliain anuas, a thabhairt faoi deara agus é á bheathú féin ar an aon reiptíl talún dúchasach in Éirinn, an laghairt choiteann. Rinneadh an tuairisc a fhoilsiú san iris Proceedings of the Royal Irish Academy. I ngairdín príobháideach i gCill Iníon Léinín, i gCo. Bhaile Átha Cliath i mí Bealtaine 2017, chonacthas an laghairt choiteann óg i bhfostú i líontán agus an Noble False Widow Spider a bhí 3.3cm ar fad á bheathú féin ar a cuid feola.

Study Finds Low Awareness of Early Childhood Obesity in Ireland

A study carried out by Dr Michelle Queally from the J.E. Cairnes School of Business and Economics at NUI Galway and colleagues from the Health Research Board funded project CHERISH (Choosing Healthy Eating for Infant Health), have reported that mothers are unable to accurately identify their child's overweight/obesity status at age three and five in Ireland. The study was recently published in the International Journal of Behavioural Nutrition and Physical Activity. Dr Queally noted that a mother's recognition of their child being overweight and obese during early childhood is one of the key determinants in achieving a healthy weight status in children. The study highlights the need for increased support in Ireland to help improve a mothers understanding of what defines a healthy body size in preschool aged children. Mothers who are unable to accurately identify their child being overweight/obese at three years old are likely to do so again when the child is five years old.

Aimsíonn Staidéar go bhfuil Feasacht Íseal maidir le Murtall i measc Leanai Óga in Éirinn

Thuiriscigh staidéar a rinne an Dr Michelle Queally ó Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J.E. Cairnes in OÉ Gaillimh agus a comhghleacaithe ón tionscadal CHERISH (Bia Sláintiúil a Roghnú ar mhaithe le Sláinte Naíonán) atá á mhaoiniú ag an mBord Taighde Sláinte, nach féidir le máithreacha stádas róthrom/murtall a gcuid leanai a aithint go beacht ag aois a trí bliana agus a cúig bliana in Éirinn. Foilsíodh an staidéar le déanaí san Iris Idirnáisiúnta do Chothú Iompraíochta agus Gníomhaíocht Fhisiciúil. Thug an Dr Queally faoi deara gurb é ceann de na rudaí is mó a dhéanann dochar maidir le meáchan sláintiúil a bhaint amach i leanai nach n-aithníonn an mháthair go bhfuil a leanbh róthrom agus murtallach i rith na luath-óige. Leagann an staidéar béim ar an ngá atá le tacaíocht bhreise in Éirinn chun feabhas a chur ar an tuiscint atá ag máithreacha ar a bhfuil i gceist le meáchan sláintiúil i gcás leanai réamhskoile. Mura bhfuil máithreacha in ann a shainníthint go bhfuil a leanai róthrom/murtallach ag trí bliana d'aois tá seans ann nach mbeidh siad in ann é seo a aithint arís nuair a bhíonn an leanbh cúig bliana d'aois.



MARIO PROJECT AMONG TOP 25 PROJECTS IN EUROPEAN COMMISSION STUDIES

A research project led by NUI Galway has established that companion robots can have a positive impact on older people living with dementia. The research, called the 'MARIO project', has been featured in a new European Commission study analysing the impact on society of EU-funded research and innovation in technology for active and healthy ageing. MARIO is a 4ft white robot with large animated eyes who can be activated by voice or by a touchscreen which he carries. This allows people with dementia to access the newspapers, listen to their favourite songs, provide reminders of upcoming events, store family photos and connect with their friends and families.

TÁ TIONSCADAL MARIO AR CHEANN DE 25 MÓRTHIONSCADAL DE CHUID STAIDÉIR CHOIMISIÚN NA HEORPA

I dtionscadal taighde faoi stiúir OÉ Gaillimh, dearbhaidh go bhféadfadh éifeacht dhearfach a bheith ag róbait chomhluadair ar aosaigh a bhfuil néaltrú orthu. Tá an taighde ar a dtugtar an 'MARIO Project', ina chuid de staidéar nua de chuid Choimisiún na hEorpa ina ndéantar anailís ar an tionchar ar an tsochaí atá ag taighde agus nuálaíocht teicneolaíochta d'aosú gníomhach agus folláin, ar taighde é atá maoinithe ag an AE. Is róbait bán 4 troithe ar airde é MARIO a bhfuil súile beoga aige agus ar féidir a ghníomhú trí leas a bhaint as an nguth nó as an scáileán tadhaill atá ar iompar aige. Tugann sé seo deis do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu teacht ar nuachtáin, éisteacht leis na hamhráin is fearr leo, meabhrúcháin a fháil i dtaca le himeachtaí atá le tarlú, grianghraif theaghlach a stóráil agus nascadh lena gcairde agus lena dteaghlach.

AURIGEN MEDICAL RANKS #1 IN EUROPE

NUI Galway-based medical device company, AuriGen Medical, has received €2.5 million in the latest round of Horizon 2020 SME Instrument funding, which receives applications from all over Europe. Ranking number one out of 1,280 applications across all sectors, the company specialises in the treatment of persistent atrial fibrillation (irregular heartbeat) patients and is developing the first cardiac implant to treat both the stroke and heart failure risk associated with this condition. The company was established by Tony O'Halloran and Dr John Thompson (pictured right).

Dr Thompson, a former intensive care physician together with Mr O'Halloran, an experienced medical device engineer, formed AuriGen Medical after meeting in 2015 when both were selected by the BioInnovate Ireland Programme at NUI Galway. During this time, they invented the device solution to address a large unmet clinical need that they observed. Over 70% of atrial fibrillation patients have persistent or longstanding disease. However, the current treatment options only address the minority of patients with intermittent disease. AuriGen Medical believe that once approved, their medical device could help the majority of patients become free from atrial fibrillation. This funding will be used to advance product development in preparation for first in human trials in 2020.



LOCI ORTHOPAEDICS RAISES FUNDS FOR CRIPPLING JOINT CONDITION

In July 2018, NUI Galway-based medical device spin-out company, Loci Orthopaedics, announced the closing of a €2.75 million seed round investment to commercialise a new orthopaedic joint implant for a common but crippling joint condition. Loci Orthopaedics is an independent leader in the development of a clinical evidence-based solution, called the InDx Implant, to address the increasing unmet need for thumb base joint arthritis. Preliminary research indicates that it may also have clinical indications in other small joints of the hands and feet, as well as other joints with complex biomechanics such as the shoulder and elbow.



AURIGEN MEDICAL RANGAITHE MAR #1 SAN EORAIP

Tá an chuideachta feistí leighis atá lonnaithe in OÉ Gaillimh, AuriGen Medical, i ndiaidh €2.5 milliún a fháil sa bhabhta is déanaí de mhaoiniú ionstraim Dheiseanna Nua 2020. Is maoiniú é seo d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a ndéantar iarratais air ó gach cearn den Eoraip. Tháinig an chuideachta seo sa chéad áit as an 1,280 iarratas a tháinig ó earnálacha éagsúla. Dirítear sa chuideachta ar an gcóireáil a chuirtear ar othair a bhfuil fibriliú aitriamach dianseasmhach (buille mírialta croí) ag gabháil dóibh. Chomh maith leis seo, táthar ag obair sa chuideachta ar an gcéad ionchlannán cairdiach a fhorbairt a úsáidfead sa chóireáil a dhéanfar ar othair atá i mbaol stróc agus cliseadh croí mar gheall ar an bhfadhb shláinte seo a bheith acu. Ba iad Tony O'Halloran agus an Dr John Thompson a bhunaigh an chuideachta seo. Rinne an Dr John Thompson, a bhí ina dhochtúir dianchúraim roimhe seo, agus an tUasal O'Halloran, innealtóir feistí leighis a bhfuil taithí na mblianta aige, AuriGen Medical a bhunú tar éis dóibh casadh lena chéile in 2015 nuair a roghnaíodh iad mar chuid den Chlár BioInnovate Ireland in OÉ Gaillimh. Le linn an ama seo, d'fhorbair siad feiste a chuideoidh le dul i ngleic le mór-riachtanas cliniúil a thug siad faoi deara, riachtanas nach raibh aon réiteach go nuige sin air. Tá galar dianseasmhach nó seanbhunaithe ar 70% de na hothair a bhfuil fibriliú aitriamach ag gabháil dóibh. Mar sin féin, téann na roghanna cóireála atá i láthair na huaire ann i ngleic leis an mionlach beag d'othair a bhfuil an galar uaineach orthu. Nuair a bheas faomhadh faighte acu, creideann AuriGen Medical go bhféadfadh a bhfeiste leighis cuidiú le tromlach na n-othar a bheith saor ó fhibriliú aitriamach. Úsáidfead an maoiniú seo chun forbairt an táirge a chur chun cinn, féachaint le hullmhú do na chéad trialacha ar dhaoine in 2020.

AIRGEAD CURTHA AR FÁIL AG LOCI ORTHOPAEDICS D'FHADHB DHÍOBHÁLACH SHLÁINTE A BHAINNEANN LE HAILT NA COLAINNE

I mí Iúil 2018, d'fhógair mac-chuideachta feistí leighis OÉ Gaillimh, Loci Orthopaedics, go raibh sí chun a hinfeistiú siolbhabhta a dhúnadh, infheistiú ar éirigh leis tuach €2.75 milliún a bhaint amach. Rinneadh é seo chun ionchlannán nua ortaipéideach ailt a chur ar fáil ar bhonn tráchtála chun dul i ngleic le fadhb choitianta shláinte na n-alt, ar fadhb shláinte í a chuireann as go mór do shaol na n-othar. Is ceannródaí nearnhspleách é Loci Orthopaedics i dtaca le réiteach a fhorbairt atá bunaithe ar fhianaise chliniciúil féachaint le dul i ngleic le hairríteas san alt i mbun na hordóige. InDx Implant a thugtar ar an réiteach seo nach raibh a leithéid le fáil go dtí seo agus a bhfuil an t-éileamh air ag dul i méid i gcónaí. Tugtar le fios sa réamhthaighde go bhféadfai a úsáid in ailt bheaga eile macasamhail na lámh agus na gcos, chomh maith le hailt eile a bhfuil bithmheicnic chasta ag baint leo, leithéidí na nguailí agus na n-uillinneacha.

KITE MEDICAL RAISES €1.5M IN FUNDING

In April 2018, Bioinnovate Ireland medical device spin-out company, Kite Medical announced the closing of a €1.5 million seed round investment to commercialise a device that offers a pain-free, non-invasive means of detecting kidney reflux in children. Kidney reflux is prevalent in up to 2.5% of children and in 30-40% of those presenting with urinary tract infections. The condition involves reflux of urine from the bladder to the kidneys and the consequences of missed diagnosis are severe, including chronic kidney disease. The current diagnostic test requires a catheter, forced filling of the bladder and radiation exposure, resulting in pain and trauma for the children. In contrast, Kite Medical's device will be a wearable solution where the child will wear sensors to detect possible reflux over normal urination cycles. The device will be a game-changer in transferring the detection of kidney reflux from the hospital to an office-based primary care setting and can even facilitate monitoring at home. The Kite Medical device serves a market of almost \$500 million, created by the ease of use and child-friendly nature of the innovation. Kite Medical's portable device will also take advantage of the growth in digital healthcare trends.

MAOINIÚ €1.5M AG KITE MEDICAL

I mí Aibreáin 2018, d'fhógair mac-chuideachta feistí leighis de chuid BioInnovate Ireland, Kite Medical, go raibh sí chun a hinfheistiú síolbhabhta a dhúnadh, infheistiú ar éirigh leis luach €1.5 milliún a bhaint amach, chun feiste a chur ar fáil ar bhonn tráchtála a chuirfeadh bealach saor ó phian, neamhionrach ar fáil chun aife sna duáin a thabhairt faoi deara i bpáistí. Tá aife sna duáin coitianta in 2.5% de pháistí agus in 30-40% acu sin a mbíonn ionfhabhtú ar chonair an fhuail orthu. Is éard atá i gceist leis an bhfadhb shláinte seo go mbrúchtar fual ón lamhnán suas go dtí na duáin arís. Mura dtugtar é seo faoi deara, d'fhéadfadh drochthoradh a bheith i gceist, lena n-áirítear galar ainsealach duán. Sa tástáil dhiagnóiseach a dhéantar i láthair na huaire, tá gá le cataitéar, líonadh iallaigh an lamhnáin agus neamhchosaint ar radaíocht, rudaí a chothaíonn pian agus tráma i bpáistí. I gcodarsnacht leis seo, beifear ábalta feiste Kite Medical a chaitheamh. Caithfidh an páiste braiteoirí chun go dtabharfar aon bhaol aife le linn gnáth-thimthriall fuail faoi deara. Beidh an fheiste seo lárnach i dtaca le haimsiú aife sna duáin a aistriú ón ospidéal go dtí suíomh cúraim príomhúil atá oifig-bhunaithe. D'fhéadfadh sé tarlú fiú go ndéanfadh sé éascaíocht ar mhionatáireacht sa bhaile. Tá Kite Medical ag freastal ar mhargadh a bhfuil luach beagnach \$500 milliún air, margadh a cruthaíodh mar thoradh ar a fhurasta agus atá sé an fheiste a úsáid agus de bhri gur feiste í nach gcuireann as go mór do pháistí. Bainfead leas i bhfeiste sho-iompartha Kite Medical as an meádu mór i dtreochtaí digiteacha i gcúram sláinte.



Pictured l to r: Paul Frehill, CTO, Sarah Loughney, Founder and CSO and Joan FitzPatrick, CEO of Kite Medical
Sa ghrianghraf ó chlé go deas: Paul Frehill, Príomhoifigeach Teicniúil, Sarah Loughney, Bunaitheoir agus Príomhoifigeach Eolaíoch agus Joan FitzPatrick, Príomhfheidhmeannach Kite Medical



PHOTO: MICHAEL DILLON

NEURENT MEDICAL FUNDING TO CREATE 25 NEW JOBS

Neurent Medical Limited, a Galway-based medical device company specialising in the treatment of rhinitis, an inflammatory disease of the nose, has raised €9.3 million in a Series A funding round. The company was established by Brian Shields and David Townley (pictured above). Neurent Medical Ltd designs and develops products for treating inflammatory diseases of the nasal cavities. The initial product offering reduces the primary symptoms of rhinitis, congestion and rhinorrhoea. Funding will be used to advance product development, carry out clinical trials and prepare for US commercialisation of the device.

25 POST NUA Á GCRUTHÚ AG MAOINIÚ NEURENT MEDICAL

Tá Neurent Medical Limited, cuideachta feisti leighis atá lonnaithe i nGaillimh, i ndiaidh €9.3 milliún a bhaint amach i Sraith A de bhabhta maoinithe. Tá speisialtóireacht ag Neurent Medical Limited i gcóireáil in aghaidh rinítis, ar galar athlastach sróine í. Ba iad Brian Shields agus David Townley a bhunaigh an chuideachta. Dearann Neurent Medical Ltd táirgí agus déanann sí a bhforbairt chun cóireáil in aghaidh galair athlastacha a bhaineann le cuasa na sróine. Téann an buntáirge seo i ngleic leis na siomptóim phríomha a bhaineann leis an riníteas, le fuil-líonadh agus le deora sróine. Úsáidfear an maoiniú chun forbairt an táirge a chur chun cinn, chun tástálacha cliniúla a chur ar bun, agus chun an fheiste a chur ar fáil ar bhonn tráchtála i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Community and **Outreach**

An Pobal agus
Imeachtaí Pobail



Thomas Ritter, Professor of Medicine, NUI Galway and CÚRAM Investigator works in immunology and is engaged in developing novel gene and cell therapies to modulate inflammatory diseases of the eye. This image was part of a new Community Art-Science exhibition in the Westside community in Galway City, organised by CÚRAM, the Science Foundation Ireland Centre for Research in Medical Devices based at NUI Galway and the Galway City Arts Office. The exhibit, now permanently housed in the Westside Resource Centre, consists of 19 portraits, each composed of a black and white portrait accompanied by a colour negative mapping. Each portrait is set against a background of highly aesthetic images drawn from science and research that warrant a second look to decipher their content.

Tá Thomas Ritter, Ollamh le Leigheas, OÉ Gaillimh agus Taighdeoir le CÚRAM ag plé le himdhíoneolaíocht agus tá sé ag forbairt géinteiripí agus cillteiripí nuálaíocha le modhnú a dhéanamh ar ghalaír súl athlastacha. Ba chuid den taispeántas nua Ealaíne Pobail-Eolaíochta i bpobal Iarthar na Cathrach i gCathair na Gaillimhe an íomhá seo. Is é CÚRAM, an tIonad Taighde d'Fheistí Leighis atá maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus atá lonnaithe in OÉ Gaillimh, agus Oifig Ealaíon Chathair na Gaillimhe a d'eagraigh an taispeántas seo. Is éard atá sa taispeántas atá lonnaithe go buan in Ionad Acmhainní Iarthar na Cathrach 19 bportráid atá dubh agus bán mar aon le mapáil claonchló dhaite. Mar chúla le gach portráid tá íomhánna eolaíochta agus taighde atá fíorálainn agus ar gá féachaint orthu an dara huair le ciall a bhaint astu.



Female Scientists Take to Streets for Soapbox Science Galway 2018

Twelve female scientists took to their soap boxes to bring science to the streets of Galway as part of NUI Galway's second annual Soapbox Science Galway. The event, which aims to challenge perceptions of what a scientist is by celebrating the diversity of women in science, took place at the Spanish Arch and was open to the public. The scientists shared their work in technology, science, medicine and engineering with the public and this year NUI Galway joined forces with colleagues from GMIT and UCC to showcase research talent across the western seaboard. Talks covered a diverse range of topics ranging from microbial brains, how computers read fairy tales, octopuses and their ancient relatives, what kelp does for its community and microplastics in the oceans. Soapbox Science Galway is organised by Dr Jessamyn Fairfield and Dr Dara Stanley from NUI Galway. Jessamyn is a nanoscientist and lecturer in the School of Physics and CÚRAM while Dara is a lecturer in Botany and Plant Science in the Ryan Institute.

Mná na hEolaíochta i Measc an Phobail ag Soapbox Science Galway 2018

Thug dháréag eolaithe mná an eolaíocht amach i measc an phobail ag Soapbox Science Galway, imeacht de chuid OÉ Gaillimh a eagraíodh i mbliana den dara bliain as a chéile. Tá sé mar aidhm ag an imeacht seo a bhí ar siúl ag an bPóirse Caoch agus a raibh cead isteach ag an bpobal aige dearcadh na ndaoine faoi eolaithe a athrú trí cheiliúradh a dhéanamh ar na mná ar fad atá ag plé leis an eolaíocht. Thug na heolaithe eolas don phobal faoin obair a bhíonn ar siúl acu sa teicneolaíocht, san eolaíocht, i gcúrsaí leighis agus san innealtóireacht. Chuaigh OÉ Gaillimh i gcomhar i mbliana le comhghleacaithe dá chuid ó Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh le haird an phobail a tharraingt ar an taighde den scoth atá ar bun ar chósta thiar na hÉireann trí chéile. I measc na n-ábhar éagsúil a pléadh sna cainteanna bhí inchinní miocróbacha; conas a léann ríomhairí síscéalta; octapais agus a ngaolta ársa; an tionchar a bhíonn ag ceilp ar a pobal; agus mionphiosáí plaitigh sna haigéin. Is iad an Dr Jessamyn Fairfield agus an Dr Dara Stanley ó OÉ Gaillimh a eagraíonn Soapbox Science Galway. Is naineolaí agus léachtóir i Scoil na Fisice agus CÚRAM i Jessamyn agus is léachtóir i Dara le Luibheolaíocht agus Plandeolaíocht in Institiúid Uí Riain.

Pictured is Sister Alberta Lally, Dominican Convent, Taylor's Hill, with John Cox, NUI Galway James Hardiman Library

Sa phictiúr tá an tSiúr Alberta Lally, Clochar na nDoiminiceach, Bóthar Ard, le John Cox, Leabharlann Sheámais Uí Argadáin, OÉ Gaillimh



DOMINICAN CONVENT DONATES HISTORIC LIBRARY TO NUI GALWAY

The Dominican Convent in Taylor's Hill, Galway donated its library of 2,000 volumes, built up over five centuries, to NUI Galway at an event in the University Library in May 2018. At one stage it looked like the library might be lost due to lack of storage when the convent building in which it was located was demolished. The Dominican Convent Library represents the oldest continuously used library in Galway City today. It illustrates the place of study in the life of nuns from 1644 onwards and gives testimony to the history of the education of women through the variety of books it contains.

LEABHARLANN STAIRIÚIL BRONNTA AG CLOCHAR NA NDOIMINICEACH AR OÉ GAILLIMH

Bhronn Clochar na nDoiminiceach ar an mBóthar Ard, Gaillimh a leabharlann ar OÉ Gaillimh ag ócáid i Leabharlann na hOllscoile i mí na Bealtaine 2018. Tá 2,000 mír éagsúil sa leabharlann sin ar tiomsaíodh thar thréimhse cúig chéad bliain iad. Bhí an chuma ar an scéal nuair a leagadh an foirgneamh ina raibh an clochar lonnaithe go gcaillfí an leabharlann sin de cheal spáis. Is í Leabharlann na nDoiminiceach an leabharlann is sine i gCathair na Gaillimhe a bhfuiltear á húsáid go dtí an lá atá inniu ann. Tugann sí léiriú ar an tábhacht a bhí leis an staidéar i saol na mban rialta ó 1644 i leith agus is léiriú an éagsúlacht leabhar atá inti ar an oideachas a chuirfí ar mhná san am a chuaigh thart.



Exhibition Showcases Work Of Iconic Irish Language Poet

NUI Galway presented a special exhibition celebrating iconic Irish language poet, Máirtín Ó Direáin, 30 years after his death in March 1988. The exhibition was curated by Siobhra Aiken, a PhD researcher in the Centre for Irish Studies and drew on materials from University, State and private archives. Máirtín Ó Direáin – Fathach File/Reluctant Modernist was launched in the Hardiman Building by NUI Galway President, Professor Ciarán Ó hÓgartaigh and ran from March to July 2018. The free exhibition offered new information on aspects of Ó Direáin's life such as the respect he earned as a young actor in An Taibhdhearc theatre, the steps he took to promote the rights of post office workers and his position as President of Cumann na Scribhneoirí (The Writers' Association) in Dublin.

Pictured at the launch were (l-r): NUI Galway President, Professor Ciarán Ó hÓgartaigh; an taighdeoir in OÉ Gaillimh agus léiritheoir an taispeántais, Siobhra Aiken; iníon Mháirtín Uí Dhireáin, Niamh Sheridan; agus Stiúrthóir Ionad an Léinn Éireannaigh in OÉ Gaillimh, an Dr Louis de Paor.

Taispeántas de Shaothar File Gaeilge Aitheanta

Chuir OÉ Gaillimh taispeántas i láthair ina raibh ceiliúradh á dhéanamh ar an bhfile aitheanta Gaeilge, Máirtín Ó Direáin, cothrom 30 bliain a bháis i mí an Mhárta 1988. Ba i Siobhra Aiken, taighdeoir PhD in Ionad an Léinn Éireannaigh a d'eagraigh agus a léirigh an taispeántas agus bhí ábhar ann ó chartlanna Ollscoile, ó chartlanna Stáit agus ó chartlanna príobháideacha. Sheol Uachtarán OÉ Gaillimh, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh an taispeántas Máirtín Ó Direáin - Fathach File/Reluctant Modernist in Áras Uí Argadáin. Bhí an taispeántas ar bun ó mhí an Mhárta go mí Iúil 2018. Cuireadh eolas nua faoi shaol an Direánaigh i láthair sa taispeántas seo a bhí saor in aisce, mar shampla an meas a bhí air mar aisteoir óg sa Taibhdhearc, an bealach ar sheas sé an fód ar mhaith le cearta oibrithe oifig an phoist agus an ról a bhí aige mar Uachtarán ar Chumann na Scribhneoirí i mBaile Átha Cliath.

Ag an seoladh bhí (ó chlé): Uachtarán OÉ Gaillimh, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh; an taighdeoir in OÉ Gaillimh agus léiritheoir an taispeántais, Siobhra Aiken; iníon Mháirtín Uí Dhireáin, Niamh Sheridan; agus Stiúrthóir Ionad an Léinn Éireannaigh in OÉ Gaillimh, an Dr Louis de Paor.

Dr. John Canavan, UNESCO, and Dr. Carmel Devney UNESCO, CFRC

An Dr John Canavan, UNESCO, agus an Dr Carmel Devney UNESCO, CFRC



IMPROVEMENTS IN TUSLA SERVICES - NUI GALWAY STUDY

The UNESCO Child and Family Centre at NUI Galway recently finalised a four-year study that found significant improvements in Tusla's Prevention, Early Intervention and Family Support services. In 2016, 47,399 child protection and welfare referrals were made to Tusla-Child and Family Agency and 6,267 children and young people were in its care in 2016. More and better prevention and early intervention is needed to reduce these numbers.

Overall, the research shows Tusla is getting better at providing early help for children, young people and their families. Significantly, the research is showing that Tusla's flagship new programme for providing early help, Meitheal, is welcomed by families and is making a positive difference to their lives.

Importantly, Meitheal is improving outcomes for children and young people over time, particularly from the perspective of mothers. Maternal well-being was the most significant predictor of family outcomes, suggesting that supporting mothers is key to supporting families.

FEABHAS AR SHEIRBHÍSÍ TUSLA - STAIDÉAR A RINNEADH IN OÉ GAILLIMH

Chuir Ionad Taighde Leanaí agus Teaghlach UNESCO críoch le staidéar ceithre bliana ina bhfuarthas amach go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar sheirbhísí Tusla i réimse an Choiscthe, na Luath-Idirghabhála agus na Tacaíochta Teaghlach. In 2016, rinneadh atreorú cosanta leanaí agus leasa leanaí ar 47,399 páiste chuig Tusla-An Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlach agus bhí 6,267 páiste agus duine óg faoina cúram in 2016. Tá gá le bearta coiscthe agus le hidirghabháil luath ar bhonn níos forleithne agus níos éifeachtaí chun an líon páistí sin a laghdú.

Tríd is tríd, léiríonn an taighde go bhfuil feabhas ag teacht ar an gcaoi a gcuireann Tusla cúnaimh luath ar fáil do pháistí, daoine óga agus a dteaghlach. Thar aon rud eile, léiríonn an taighde go bhfuil teaghlach sásta le clár luathchúnaimh nua Tusla, Meitheal, agus go bhfuil dea-thionchar aige ar a saol.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil feabhas curtha ar an saol do leanaí agus daoine óga a bhuíochas le Meitheal, dar le máithreacha, go háirithe. Léiríodh dá fheabhas í sláinte na máthar gur fearr an saol a bhíonn ag an teaghlach. Tugann sé sin le fios go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach tacú le máithreacha mar chrann taca an teaghlach.

NUI Galway Supports European Region of Gastronomy 2018

In March 2018 NUI Galway signed the Charter for the Galway and West of Ireland Region of Gastronomy which committed the University to a range of initiatives to support food culture in the region as part of its designation as European Region of Gastronomy 2018. Initiatives included featuring local produce in campus food outlets; hosting high-profile food-related conferences and a series of public lectures on themes

“Initiatives included featuring local produce in campus food outlets; hosting high-profile food-related conferences and a series of public lectures...”

related to gastronomy and food culture. The 17 restaurants on the NUI Galway campus serve approximately 30,000 customers each week and under the Charter, campus caterers committed to sourcing as much produce as possible from local producers and suppliers as well as supporting food waste minimisation actions within the home and workplace.



Tacaíonn OÉ Gaillimh le Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018

I mí an Mhárta 2018 shínigh OÉ Gaillimh an Chairt do Réigiún Gastranamaíochta na Gaillimhe agus Iarthar na hÉireann a thug ar an Ollscoil tabhairt faoi raon tionscnamh chun tacú le cultúr an bhia sa réigiún mar chuid den ainmniúchán a fuair sé mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa, 2018. I measc na dtionscnamh bhí sé i gceist go n-úsáidfí táirgí áitiúla i mbialanna an champais; go n-eagrófaí comhdhálacha ardphróifíle a bhaineann le bia mar aon le sraith léachtaí poiblí ar théamaí a bhaineann le gastranamaíocht agus le cultúr an bhia. Úsáideann thart ar 30,000 custaiméir na 17 mbialann ar champas OÉ Gaillimh gach seachtain agus faoin gCairt, gheall lónadóirí an champais go bhfaighidís an oiread táirgí agus is féidir leo ó tháirgeoirí áitiúla agus go dtacóidís chomh maith le gníomhaíochtaí chun cur amú bia a laghdú sa bhaile agus san ionad oibre.

“I measc na dtionscnamh bhí sé i gceist go n-úsáidfí táirgí áitiúla i mbialanna an champais; go n-eagrófaí comhdhálacha ardphróifíle a bhaineann le bia mar aon le sraith léachtaí poiblí ar théamaí a bhaineann le gastranamaíocht agus le cultúr an bhia...”



Partnership between Galway International Arts Festival & NUI Galway

Galway International Arts Festival and NUI Galway have signed a new multi-year partnership. This collaboration will see Ireland's leading cultural organisation and the University working together across a number of initiatives designed to provide inspiring cultural and creative opportunities for students. Galway International Arts Festival will work with the University on the development of a number of education initiatives that complement the existing suite of culture-related courses provided by the University. In addition, the University's ALIVE programme will work to further develop the festival's expanding volunteer programme as a best practice experience. A formal arrangement will be put in place with the library to archive the Arts Festival's activities. Likewise, the Festival will work with the University on the promotion of its new BA in Music programme. The new partnership will also see greater ties between the Festival's First Thought Talks programme and the University, with the campus becoming much more closely associated with the popular discussion platform.

Comhpháirtíocht idir Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe & OÉ Gaillimh

Tá comhpháirtíocht ilbhlianta nua sinithe ag Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe agus OÉ Gaillimh. Beidh príomheagraíocht chultúir na tíre agus an Ollscoil ag obair as lámha a chéile faoin gcomhfhiontar seo ar thionscnaimh éagsúla a bhfuil sé mar aidhm leo deiseanna spreagúla cultúir agus cruthaitheacha a thabhairt do mhic léinn. Oibreoidh Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe leis an Ollscoil le tionscnaimh oideachais éagsúla a fhorbairt a chuirfidh leis an rogha cúrsaí cultúr bhunaithe atá á soláthar ag an Ollscoil cheana féin. Chomh maith leis sin, déanfaidh cúrsa ALIVE na hOllscoile tuilleadh forbartha ar chlár oibríthe deonacha na féile chun go bhfaighidh siad taithí ar an gcleachtas is fearr sa réimse sin. Déanfar socrú foirmiúil leis an leabharlann le cartlannú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Féile Ealaíon. Ar an gcaoi chéanna, cuideoidh an Fhéile leis an Ollscoil poiblíocht a dhéanamh ar an gclár BA nua sa Cheol. Faoin gcomhpháirtíocht nua seo beidh nasc níos láidre idir an clár First Thought Talks de chuid na Féile Ealaíon agus an Ollscoil, agus beidh ceangal níos láidre ag an gcampus leis an ardán diospóireachta seo atá go mór i mbéal an phobail.

NUI GALWAY TO DEVELOP PLAN FOR NUNS' ISLAND

In September 2018, NUI Galway announced the appointment of master planning consultants to assist in the preparation of a plan which will result in a strategy for a structured approach to regeneration of the lands at Nuns' Island in Galway City. The former industrial area in Galway City currently contains a number of uses as well as several disused buildings in the ownership of NUI Galway, unused spaces and a public realm which includes a number of waterways. The University and Galway City Council are collaborating to develop a master plan to investigate the potential to optimise the use of this city centre space through the appropriate mix of redevelopment and public realm spaces.

International planning and design consultants BDP have been appointed as master planners on the scheme. The first phase will involve a programme of consultation with the public, which will inform the development of an integrated masterplan scheduled to be completed next summer.


NUI Galway President, Professor Ciarán Ó hÓgartaigh; Brendan McGrath, Chief Executive of Galway City Council; Gareth Maguire, BDP; and Una Farrell, BDP.

OÉ GAILLIMH AG CUR PLEAN LE CHÉILE CHUN OILEÁN ALTANACH A FHORBAIRT

I mí Mheán Fómhair 2018, d'fhógair OÉ Gaillimh go gceapfaí comhairleoirí máistirphleanála le cabhrú leis an Ollscoil plean a réiteach as a n-eascróidh straitéis chun athnuachan a dhéanamh ar na tailte atá aici in Oileán Altanach i gCathair na Gaillimhe. Láthair thionsclaíoch a bhíodh sa spás seo san am a caitheadh agus táthar á húsáid ar bhealaí éagsúla faoi láthair. Tá foirgnimh éagsúla ann freisin ar le OÉ Gaillimh iad nach bhfuil á n-úsáid mar aon le spásanna nach bhfuil á n-úsáid agus fearann poiblí a dtéann uiscebhealaí éagsúla tríd. Tá an Ollscoil agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair as lámha a chéile le máistirphlean a chur le chéile lena fháil amach cén chaoi ar féidir an úsáid is fearr a bhaint as an spás seo i lár na cathrach trí mheascán cuí de spásanna athfhorbartha agus poiblí a chur ann.

Tá na comhairleoirí pleanála agus dearaidh idirnáisiúnta BDP ceaptha ina máistirphleanálaithe ar an scéim. Beidh comhairliúchán poiblí i gceist sa chéad chéim den plean, agus cuirfear tuairimí an phobail san áireamh nuair a bheidh forbairt á déanamh ar mháistirphlean comhtháite atá le cur i gcrích faoin samhradh seo chugainn.

Uachtarán OÉ Gaillimh, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh; Brendan McGrath, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe; Gareth Maguire, BDP; agus Una Farrell, BDP.



Success **Stories**

Scéalta Gaisce

Over the past year, both staff and students have excelled in their chosen fields

DOUBLE HONOUR FOR SCHOOL OF PSYCHOLOGY RESEARCHERS

Dr Elaine Toomey and Dr David Mothersill from the School of Psychology at NUI Galway have both received prestigious awards for their specific areas of research from the Irish Canadian University Foundation and the Royal Irish Academy. Dr Toomey from the Health Behaviour Change Research Group received the 'Irish Canadian University Foundation James M. Flaherty Early Career Researcher Award' which will allow her to conduct further research on the adaptation of 'Football Fans in Training' (FFIT). Dr Mothersill received the 'Royal Irish Academy Charlemont Grant' for his research in Cognitive Neuroscience, as part of the Centre for Neuroimaging and Cognitive Genomics (NICOG). This award will allow him to take the computerised test he is developing and bring it to Queen's University in Kingston, Ontario, where he will receive expert feedback from Professor Christopher Bowie, a leading expert in assessment and treatment of cognitive deficits in schizophrenia.

Pictured is Dr David Mothersill and Dr Elaine Toomey



DHÁ GHRADAM BUAI TE AG TAIGHDEOIRÍ SCOIL NA SíCEOLAÍOCHTA

Bronnadh gradaim mhóra ó Fhondúireacht Ollscoile na hÉireann agus Ceanada agus ó Acadamh Ríoga na hÉireann ar an Dr Elaine Toomey agus an Dr David Mothersill ó Scoil na Síceolaíochta in OÉ Gaillimh ina sainréimsí taighde. Fuair an Dr Toomey ón nGrúpa Taighde faoi Athrú Iompraíochta Sláinte 'Gradam Taighdeora Luathghairme James M Flaherty Fhondúireacht Ollscoile na hÉireann agus Ceanada', rud a thabharfaidh deis di tuilleadh taighde a dhéanamh ar oiriúnú 'Football Fans in Training' (FFIT). Fuair an Dr Mothersill 'Deontas Charlemont Acadamh Ríoga na hÉireann' as an taighde a rinne sé faoi Néareolaíocht Chognaíoch, san Ionad don Néariomháu agus Géanómaíocht Cognaíoch (NICOG). Tabharfaidh an gradam seo deis dó an triail ríomhairithe atá á forbairt aige a thabhairt go Queen's University in Kingston, Ontario, áit a bhfaighidh sé aiseolas ón Ollamh Christopher Bowie, saineolaí i measúnú agus i gcóir leighis a chuirtear ar easnaimh chognaíocha i gcás scitsifréine.

Sa phictiúr tá an Dr David Mothersill agus an Dr Elaine Toomey

Le bliain anuas tá éachtaí déanta ag comhaltaí foirne agus ag mic léinn ina gcuid sainréimsí féin

NUI GALWAY GRADUATE LAUNCHES TAXI APP

Flag, a new taxi app designed for students, has been created by NUI Galway graduate, Richie Commins. The unique app is the only service in the world that allows a passenger to travel and pay for taxis with no phone, cash or bank card while ensuring the driver still gets paid. The app, which is available in app stores as 'Flag - The Taxi App', works by asking the user to upload a photo ID and creating a personal digit pin code to secure an account. The 'wallet-less' payment is the only taxi app in the world to provide this service.



SEOLANN CÉIMÍ Ó OÉ GAILLIMH AIP TACSATHE

Tá aip tacsaithe nua atá dírithe ar mhic léinn, Flag, curtha le chéile ag an gcéimí de chuid OÉ Gaillimh, Richie Commins. Is í an aip eisceachtúil seo an t-aon seirbhís ar domhan a thugann deis do phaisinéir taisteal agus íoc as tacsaithe gan fón, airgead tirim ná cárta bainc agus a chinntíonn go n-íoctar an tiománaí. Tá an aip le fáil i siopaí aipeanna faoin teideal 'Flag - The Taxi App'. Déanann an t-úsáideoir grianghraf de nó di féin a uaslódáil agus cód aitheantais a chur isteach le cuntas a chruthú. Is é an córas íocaíochta 'gan spárán' seo an t-aon aip tacsaithe ar domhan a chuireann an tseirbhís seo ar fáil.

European award for engineering students

A team of engineering students from NUI Galway has been awarded first place for technical innovation at Europe's premier competition for ultra-efficient vehicles, Shell Eco-marathon Europe. The Galway energy-efficient car, or Geec, is capable of travelling over 350km on one unit or kilowatt-hour (kWh) of electricity, which means driving from Galway to Dublin for less than 15 cents' worth of electricity. The award was given to the NUI Galway team for an effective and simple approach to lower aerodynamic undercarriage drag.

Gradam Eorpach do mhic léinn innealtóireachta

Bronnadh an chéad duais i rannóg na nuálaíochta teicniúla ar fhoireann de mhic léinn innealtóireachta as OÉ Gaillimh ag príomhchomórtas feithiclí fíoréifeachtúla na hEorpa, Shell Eco-marathon Europe. Tá an carr atá tíosach ar fhuinneamh, an Geec, ábalta gluaiseacht níos faide ná 350km ar aonad amháin nó cileavata amháin leictreachais san uair (kWh), rud a chiallaíonn gur féidir tiomáint ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath ar níos lú ná luach 15 cent leictreachais. Tugadh an gradam d'fhoireann OÉ Gaillimh as an gcur chuige éifeachtach agus simplí a bhí acu chun cúltraingt focharráiste aeradindimiciúil a laghdú.




MEN'S BASKETBALL 2018 National League and Varsities champions.

CISPHEIL NA bhFEAR Seaimpíní na Sraithe Náisiúnta agus na Craoibhe Idir-Ollscoile 2018



HOCKEY
Women's Hockey won the Irish Challenge Cup, the Connacht Senior Cup and the Connacht Senior League.

HACA
Bhuaigh Foireann Haca na mBan Corn Dúshláin na hÉireann, Corn Sinsir Chonnacht agus Sraith Shinsear Chonnacht.





ATHLETICS

Women's Relay
Team won Gold at
Intervarsities, setting a
new NUI Galway record.

LÚTHCHLEASAÍOCHT:

Bhuaigh Foireann
Sealaíochta na mBan
Bonn Óir ag na Cluichí
Idir-Ollscoile, agus bhain
siad curiarracht nua
amach do OÉ Gaillimh.

Sailing

IUSA (Irish University Sailing Association) Event of the Year - NUI Galway (left) took home Event of the Year from their very successfully organised IUSA Intervarsities in Co. Clare.

Seoltóireacht

Imeacht IUSA (Cumann Rámhaíochta Ollscoile na hÉireann) na Bliana - bhuaigh OÉ Gaillimh (ar chlé) duais Imeacht na Bliana as na Cluichí Idir-Ollscoile a d'eagraigh siad i gCo. an Chláir agus ar éirigh thar barr leo.



Rowing Heroes

Considered the Cheltenham of rowing, the picturesque Oxfordshire town of Henley-on-Thames has hosted the Royal Regatta since 1839. Held over five days, all races are two-boat matches along a one mile and 550 yards stretch of the river Thames, with only the winner progressing to the following day's racing. The NUI Galway boat was drawn against a seeded crew from Amsterdam Student Rowing Club, Nereus and against all the odds came out on top. The Galway boys were then pitted against Columbia University from New York City. Despite having led for most of the race, the Galway crew lost out in the end. Speaking afterwards, NUI Galway head coach Dave Mannion suggested that having experienced such a unique racing environment, the next challenge would be to come back bigger and better and to mount a more serious bid for silverware.

Pictured is the NUI Galway crew which competed in the Prince Albert Challenge Cup event at Henley Royal Regatta. FROM LEFT: Jack Bennett, Eoghan Whittle, Sandra Kelly (Cox), Brion O'Rourke, Oisín Nolan and Dave Mannion (Coach).

Laochra Rámhaíochta

Tá an Regatta Ríoga ar siúl ó 1839 i mbaile álainn Henley-on-Thames in Oxfordshire. Cheltenham na rámhaíochta a thugtar air. Bíonn an regatta ar siúl ar feadh cúig lá, is rásaí dhá bhád a bhíonn sna rásaí ar fad ar stráice 1550 slat ar abhainn na Tamaise, agus is é an buaiteoir amháin a théann ar aghaidh chuig rás an lae dár gcionn. Rinneadh tarraingt ar fhoireann OÉ Gaillimh in aghaidh foireann ábalta ó Chlub Rámhaíochta Mac Léinn Amsterdam, Nereus, agus bhí an bua acu ainneoin nach raibh súil ag aon duine leis. Cuireadh buachaillí na Gaillimhe in aghaidh Columbia University ó Chathair Nua-Eabhrac ina dhiaidh sin. Cé go raibh siad ag ceann an rása an chuid is mó den am, chaill criú na Gaillimhe i ndeireadh na dála. Ag labhairt dó i ndiaidh an rása, mhol príomhchóitseálaí OÉ Gaillimh, Dave Mannion, ó tharla gur éirigh chomh maith sin leo an iarraidh áirithe seo, gurb é an chéad dúshlán eile a bheidh rompu fillleadh agus iarracht chearta a dhéanamh corn a thabhairt abhaile leo.

Criú OÉ Gaillimh a bhí san iomaíocht in imeacht Chorn Dúshláin an Phrionsa Albert ag Regatta Ríoga Henley. Ó chlé: Jack Bennett, Eoghan Whittle, Sandra Kelly (Liagóir), Brion O'Rourke, Oisín Nolan agus Dave Mannion (Cóitseálaí).



GAA – CAMOGIE

NUI Galway Camogie Club are Purcell Cup Champions!

CLG – CAMÓGAÍOCHT

Is iad Club Camógaíochta OÉ Gaillimh Seaimpíní Chorn Phuiriséal!

GAA – GAELIC FOOTBALL

An excellent season by the college senior footballers saw them reach the Sigerson final, for the first time in 15 years, only to lose narrowly to UCD. A large number of inter-county stars were on view in the final. Damien Comer was team captain. The intermediate Men's Gaelic Footballers won the Intermediate league title. The junior team also won the Connacht junior title for the third year in a row.



CLG – PEIL GHAELACH

Bhí séasúr den scoth ag peileadóirí sinisir an choláiste. Bhí siad i gcluiche ceannais Chorn Sigerson den chéad uair le 15 bliana, agus ba bheag nár bhuaigh siad an cluiche in aghaidh Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Bhí go leor réaltaí idirchontae ag imirt sa chluiche ceannais. Ba é Damien Comer captaen na foirne. Bhuaigh foireann idirmheánach peile na bhfear an tSraith Idirmheánach freisin. Bhuaigh an fhoireann sóisir craobh shóisir Chonnacht den tríú bliain i ndiaidh a chéile chomh maith.

Outstanding in their field

One of the highest honours bestowed on an individual, several honorary graduates were conferred at NUI Galway during the last academic year. Previous honorees, recognised for their outstanding distinction in their chosen field, include author Margaret Atwood, former US Under Secretary for Energy, Dr Kristina M. Johnson, journalist Fintan O'Toole and the late Nelson Mandela.



JACK McCANN

IRISH FRIENDS OF ALBANIA

A native of Rush, Jack was conferred with a Doctor of Laws honorary degree for his services to medicine and for his co-founding of charity, Irish Friends of Albania. Twice a year, Jack travels to Albania with teams of medical volunteers to work in hospitals. Since 2002 he has operated on hundreds of children and adults to improve and correct hand deformities and burn injuries.

RIGHT: Jack McCann, founder of local charity 'Irish Friends of Albania', pictured here with his family in November 2017



ENDA KENNY

FORMER TAOISEACH

Former Taoiseach Enda Kenny became leader of Fine Gael in 2002 and led the party for 15 years, the longest period of any Fine Gael leader. He became Taoiseach in March 2011 and again in May 2016, the first Fine Gael leader to be re-elected as Taoiseach in successive elections.

ABOVE: The National University of Ireland (NUI) conferred an honorary degree Doctor of Laws (LLD) on former Taoiseach Mr Enda Kenny TD in October 2017 at NUI Galway

ENDA KENNY

IARTHAOISEACH

Bhain an t-iarThaoiseach Enda Kenny amach ceannaireacht Fhine Gael in 2002 agus bhí sé ina cheannaire ar an bpáirtí ar feadh 15 bliana, an tréimhse is faide riamh do cheannaire ar bith de chuid Fhine Gael. Toghadh ina Thaoiseach i mí an Mhárta 2011 é, agus arís i mí Bealtaine 2016, rud a d'fhág gurb é an chéad cheannaire de chuid Fhine Gael a toghadh ina Thaoiseach in dhá thoghchán as a chéile.

THUAS: Bhronn Ollscoil na hÉireann (NUI) Céim Oinigh Dhochtúireachta le Dlíthe (LLD) ar an iarThaoiseach, an tUasal Enda Kenny TD i mí Dheireadh Fómhair 2017 in OÉ Gaillimh

Tá éacht déanta acu!

I rith na bliana acadúla seo caite, bhronn OÉ Gaillimh roinnt céimeanna oinigh ar dhaoine. Tá an chéim oinigh ar cheann de na gradaim is airde a bhronntar ar dhaoine. Ina measc siúd ar tugadh aitheantas dóibh roimhe seo as na héachtaí atá déanta acu ina réimse saothair, áirítear an t-údar Margaret Atwood, iarFho-Rúnaí Fuinnimh Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Dr Kristina M. Johnson, an t-iriseoir Fintan O'Toole agus Nelson Mandela, nach maireann.



JACK McCANN CAIRDE NA hALBÁINE

Bronnadh Céim Oinigh Dhochtúireachta le Dlíthe ar Jack, arb as an Ros, Co. Átha Cliath é, as a bhfuil déanta aige i réimse an leighis agus as an gcarthanais, Cairde na hAlbáine, a chomhbhunú. Téann Jack go dtí an Albáin faoi dhó in aghaidh na bliana in éineacht le foirne oibríthe leighis chun oibriú in ospidéal. Ón mbliain 2002 i leith, tá obráidí déanta aige ar na céadta leanbh agus duine fásta chun máchailí láimhe agus gortuithe dó a fheabhsú agus a cheartú.

AR CHLÉ: Jack McCann, bunaitheoir an charthanais áitiúil 'Cairde na hAlbáine', in éineacht lena chlann i mí na Samhna 2017



White House Chief of Staff in the Obama administration.

Rahm Emanuel NUI Galway President and Professor Ciarán Ó hÓgartaigh.

RAHM EMANUEL MÉARA CHICAGO

Is é Rahm Emanuel an 55ú méara ar Chicago. D'éirigh leis athchóirithe éagsúla oideachais a chur i gcrích, lena n-áirítear áit i gcoláiste pobail a thairiscint in aise do gach dalta meánscoile a bhaineann B ar an meán, nó os a chionn amach, rud a d'fhág go raibh Chicago ar an gcéad mhórchathair sa tír a rinne a leithéid. Sular bhain sé oifig an Mhéara amach, bhí sé ina Cheann Foirne sa Teach Bán le linn rialtas Obama.

Rahm Emanuel agus Uachtarán OÉ Gaillimh, an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh.

RAHM EMANUEL MAYOR OF CHICAGO

Rahm Emanuel is the 55th mayor of Chicago. He has successfully enacted numerous education reforms including making Chicago the first big city in the country to offer free community college to all high school students who graduate with at least a B average. Before becoming Mayor, he was the



JOHN CRUMLISH & PAUL FAHY

GALWAY INTERNATIONAL ARTS FESTIVAL

Galway International Arts Festival CEO John Crumlish and Artistic Director Paul Fahy were conferred with Honorary Doctorates in recognition of their work in transforming Galway International Arts Festival. Under their leadership, the Festival has doubled in size and now has an annual attendance of over 200,000 and an impact on the local economy of €30 million.

John Crumlish and Paul Fahy

JOHN CRUMLISH & PAUL FAHY

FÉILE IDIRNÁISIÚNTA EALAÍON NA GAILLIMHE

Bronnadh Céimeanna Oinigh ar Phríomhfheidhmeannach Fhéile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe, John Crumlish, agus ar an Stiúrthóir Ealaíne, Paul Fahy chun aitheantas a thabhairt dá bhfuil déanta acu chun Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe a athrú ó bhonn. Tá dúbailt tagtha ar mhéid na Féile faoi stiúir na beirte seo, freastalaíonn níos mó ná 200,000 duine anois uirthi agus is fiú €30 milliún don gheilleagar áitiúil í.

John Crumlish agus Paul Fahy

Alumni Awards 2018



ABOVE: Award winners (back row, l-r): Professor Declan Sugrue, Alumni Award for Medicine, Nursing and Health Sciences; Pat Rabbitte, Alumni Award for Law, Public Policy and Government; Gráinne McElwain, RTÉ/TG4 presenter and producer and MC for the event; Bernard McGuinness, Alumni Award for Engineering, Science and Technology; Lisa Coen, Award for Arts, Literature and Celtic Studies; and Joe Connolly, Alumni Award for Contribution to Sport. Front row, l-r: Aedhmar Hynes, Alumni Award for Business and Commerce; NUI Galway President, Ciarán Ó hÓgartaigh; and Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Gradam Alumni don Ghaeilge.

THUAS: Buaiteoiri Gradam (ar chúl, clé go deas) An tOllamh Declan Sugrue, Gradam Alumni don Leigheas, Altranas agus Eolaíochtaí Sláinte; Pat Rabbitte, Gradam Alumni don Dlí, Beartas Poiblí agus Rialtas; Gráinne McElwain, láithreoir agus léiritheoir RTÉ/TG4 agus bean an tí don ócáid; Bernard McGuinness, Gradam Alumni don Innealtóireacht, Eolaíocht agus Teicneolaíocht; Lisa Coen, Gradam Alumni do na Dána, Litríocht agus Léann Ceilteach; agus Joe Connolly, Gradam Alumni don Rannpháirtíocht sa Spórt. Chun tosaigh, clé go deas: Aedhmar Hynes, gradam Alumni don Ghnó agus don Tráchtáil; Uachtarán OÉ Gaillimh, Ciarán Ó hÓgartaigh; agus Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Gradam Alumni don Ghaeilge.

During the year, many NUI Galway staff excelled in their chosen fields and were recognised for their outstanding contribution in many ways. Some of those recognised included:

Ann Ryan, Office of the Academic Secretary was elected Chair of the Coimbra Group Research Support Officer Group in March 2018.

An Dr Ríona Ní Fhrighil, Léachtóir le Nua-Ghaeilge was appointed as the IUA representative to the new NCCA Senior Cycle Gaeilge Development Group.

Gearóid Ó Conluain, An Rúnaí was appointed to the Board of Directors of St Angela's College.

Michelle Ní Chróinín, Press Officer was appointed as Director on the Board of Macnas.

Professor Anne Scott, Vice President for Equality & Diversity was appointed Chair of the HEAnet Board in June 2018.

Orla Timon, Research Accounts was appointed to the European Association of Research Managers & Administrators (EARMA) Finance & Audit Committee, the EARMA Awards Committee.

Michelle Bermingham, Finance Office was appointed to the CPA Ireland Continuing Professional Development (CPD) Committee and CPA Ireland Skillnet Steering Group.

John Gaffney Director of Management Accounting was appointed to Galway Chamber of Commerce and as Chair of the Corporate Enabling Clinical Research (CERC) - Budgeting Group.

Dr Lucy Byrnes, Dean of Graduate Studies was appointed to the Irish Survey of Student Engagement for Postgraduate Research Students Working Group, Letterkenny Institute of Technology Postgraduate Research Advisory Group and Irish Universities Association Deans of Graduate Studies Group.

Professor Abhay Pandit, Scientific Director of CÚRAM, was elected to the American Institute of Medical and Biological Engineering (AIMBE) College of Fellows.

Gradaim Alumni 2018

Dr Eilís Dowd, College of Medicine, Nursing and Health Sciences was appointed President of Neuroscience Ireland.

Professor William Wijns, a Professor in Interventional Cardiology at the Lambe Institute for Translational Research, was honoured with a Gold Medal Award from the European Society of Cardiology in Barcelona, in recognition for his outstanding achievements and international reputation as a leading cardiologist.

Professor Patrick Lonergan, Drama and Theatre Studies, was elected as a Member of the Royal Irish Academy for his contribution to Humanities and Social Sciences.

Professor Fidelma Dunne, College of Medicine, Nursing and Health Sciences was reappointed to the Irish Medical Council.

Dr Martin O'Halloran, Director of the Lambe Translational Medical Device laboratory was winner of the inaugural Irish Research Council 'Researcher of the Year' award for his outstanding research in medical electronics.

Professor John Laffey, Investigator at CÚRAM and Professor of Anaesthesia at the School of Medicine was one of five recipients of the Science Foundation Ireland 'President of Ireland Future Research Leaders Awards'.

Professor Tim O'Brien, Dean of Medicine was awarded 1/100 Foreign experts of Hebei Province Award.

Dr Shane Browne, a postdoctoral fellow at CÚRAM, the Science Foundation Ireland Centre for Research in Medical Devices, was awarded a prestigious American Heart Association fellowship to continue his postdoctoral research at the University of California at Berkeley.

Le linn na bliana, d'éirigh thar cionn le comhaltaí foirne na hOllscoile ina gcuid réimsí ar leith agus tugadh aitheantas dóibh as a gcion tábhachtach féin a dhéanamh ar go leor bealaí. Ina measc siúd bhí:

Ann Ryan, Oifig an Rúnaí Acadúil a toghadh mar Chathaoirleach ar Ghrúpa Oifigeach Tacaíochta Taighde Ghrúpa Coimbra i Márta 2018.

An Dr Ríona Ní Fhrighil, Léachtóir le Nua-Ghaeilge a ceapadh mar ionadaí an IUA ar Ghrúpa nua Forbartha na Sraithe Sinsearaí de chuid NCCA don Ghaeilge.

Gearóid Ó Conluain, an Rúnaí, a ceapadh ar Bhord Stiúrthóirí Choláiste San Aingeal.

Michelle Ní Chróinín, Preas-Oifigeach, a ceapadh ina Stiúrthóir ar Bhord Macnas.

An tOllamh Anne Scott, an Leas-Uachtarán Comhionannais & Éagsúlachta a ceapadh ina Cathaoirleach ar Bhord HEAnet i Meitheamh 2018.

Orla Timon, Cuntais Taighde a ceapadh ar Choiste Airgeadais & Iniúchta Chumann Eorpach na mBainisteoirí & na Riarthóirí Taighde (EARMA), Coiste Dhámhachtainí EARMA.

Michelle Bermingham, an Oifig Airgeadais, a ceapadh ar Choiste Forbartha Gairmiúla Leanúnaí CPA Ireland agus ar Ghrúpa Stiúrtha Skillnet CPA Ireland.

John Gaffney, Stiúrthóir Cuntasaoíochta Bainistíochta a ceapadh ar Chumann Tráchtála na Gaillimhe agus mar Chathaoirleach ar an nGrúpa Buiséadaithe don Chumasú Corparáideach do Thaighde Chliniciúil (CERC).

An Dr Lucy Byrnes, Dhéin Staidéir Iarchéime a ceapadh ar an nGrúpa Oibre Mac Léinn Taighde Iarchéime do Rannpháirtíocht na Mac Léinn, ar Ghrúpa Comhairleach Taighde Iarchéime Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus ar Ghrúpa Dhéin Staidéir Iarchéime Chumann Ollscoileanna na hÉireann.

An tOllamh Abhay Pandit, Stiúrthóir Eolaíochta CÚRAM, a toghadh chuig Coláiste na gComhaltaí, Institiúid Mheiriceánach na hInnealtóireachta Leighis agus Bitheolaíochta.

An Dr Eilís Dowd, Coláiste an Leighis, Altranais agus Eolaíochtaí Sláinte a ceapadh ina hUachtarán ar Néareolaíocht Éireann.

An tOllamh William Wijns, Ollamh i gCairdeolaíocht Idirghabhálach in Institiúid Lambe don Taighde Aistritheach, ar bronnadh Duais Bonn Óir air ón gCumann Eorpach um Chairdeolaíocht in Barcelona, mar aitheantas ar a chuid éachtaí móra agus a cháil idirnáisiúnta mar chairdeolaí den scoth.

An tOllamh Patrick Lonergan, Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta, a toghadh mar Bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann as an méid atá déanta aige do na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta.

An tOllamh Fidelma Dunne, Coláiste an Leighis, Altranais agus Eolaíochtaí Sláinte a athcheapadh ar Chomhairle na nDochtúirí Leighis.

An Dr Martin O'Halloran, Stiúrthóir Shaotharlann Lambe d'Fheistí Leighis Aistrithigh, a bhuaigh an chéad ghradam 'Taighdeoir na Bliana' de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn as a chuid taighde den scoth i leictreonaic leighis.

An tOllamh John Laffey, Taighdeoir in CÚRAM agus Ollamh le hAinistéise i Scoil an Leighis a bhí ar dhuine de chúigear ar bronnadh Dámhachtain Cheannairí Taighde Uachtarán na hÉireann de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann air.

An tOllamh Tim O'Brien, Déan Leighis, ar a bronnadh Gradam Cúige Hebei 1/100 Saineolaithe Eachtracha.


An Dr Shane Browne, comhalta iardhochtúireachta in CÚRAM, an tIonad Taighde d'Fheistí Leighis de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, ar bronnadh comhaltacht mór le rá de chuid Chumann Croí Mheiriceá air chun leanúint ar aghaidh lena chuid taighde iardhochtúireachta in Ollscoil California ag Berkeley.

NUI GALWAY AT A GLANCE

- Established in 1845
- Over 100,000 alumni in over 107 countries around the world
- 5,559 graduates in 2017/18
- 172 PhD graduates in 2017/18

2017/18 Income

The University had recurrent income of **€242 million** for 2017/18 and a capital spend of circa **€32 million**.



Knowledge Transfer and Innovation

During the academic year 2017/2018, through its Innovation Office, NUI Galway continued to maximise the impact of research innovations and expertise. Research breakthroughs were commercialised through licensing of 17 new technologies to industry and the formation of 3 new spin-out companies. To drive these commercialisation outputs the office recorded 39 exciting new inventions from research activity within NUI Galway. Alongside this commercial activity NUI Galway started 62 new research collaborations with industry, fuelling further societal impact through high-quality collaborations.

Our University's Business Innovation Centre accommodated and supported 34 start-up companies employing 150 staff. We rolled out additional support for start-ups through Ireland's

first med-tech accelerator, BioExel*. The first cohort of six companies completed the intensive training and mentoring programme from January to June 2018, availing of the full support of the medtech innovation ecosystem on campus and €95k funding for each participating company.

NUI Galway spinout companies raised an outstanding €16M, from both private equity investment sources and EU funding, in 2018 which will advance product development for these technologies towards the market.

Based on research carried out at NUI Galway we spun-out 3 new companies, 2 of which came through the BioInnovate programme which is housed at the University.

- Neurent Medical is developing a breakthrough therapy for a common nasal condition of rhinitis. The company raised €9.3 million in

private investment during the year and is set to recruit up to 25 staff on the back of the investment.

- Bioprobe Diagnostics is bringing new technologies to market to detect and identify microbial contaminants such as Legionnaires' disease. The company was among the first cohort of BioExel participants.
- Kite Medical is creating a novel device that offers a pain-free, non-invasive means of detecting kidney reflux in children. Earlier this year the company closed a €1.5m investment.

* BioExel is a partnership programme funded by Enterprise Ireland, Galway University Foundation, the Western Development Commission and Bank of Ireland Seed and Early Stage Equity Fund originated and delivered by an experienced Medtech team on the NUI Galway campus.

Students

In 2017/18 there were 18,747 students at NUI Galway

Undergraduate	13,088
Postgraduate Taught	3,071
Postgraduate Research	1,234
Exchange/Visiting	1,187
Other Students	167

Total 18,747

International Students

In 2017/18 there were 3,293 students from 114 countries

Undergraduate	1,027
Postgraduate Taught	639
Postgraduate Research	429
Erasmus, Visiting &	
Summer School	1,198

Total 3,293

Staff

In 2017/18 there were 2,681 employees at NUI Galway

Academic Staff	1,073
Research Staff	657
Administrative/Support Staff	951

Total 2,681

Fees & Expenses

	External Members	Internal Members
Fees payable	Nil	Nil
Expenses payable	€16,058.71	Nil

Údarás na hOllscoile Travel Expenses paid for the period 1/10/2017 - 30/9/2018


*figures as of 31 October 2018

SONRAÍ FAOI OÉ GAILLIMH

- Bunaíodh an Ollscoil in 1845
- Breis agus 100,000 alumnus i mbreis agus 107 tír ar fud na cruinne
- 5,559 céimí in 2017/18
- 172 céimí PhD in 2017/18

Ioncam 2017/18

Bhí ioncam athfhillteach **€242 milliún** ag an Ollscoil in 2017/18 agus caiteachas caipitiúil **€32 milliún** nó mar sin.



Aistriú Eolais agus Nuálaíocht

Lean OÉ Gaillimh uirthi, tríd an Oifig Nuálaíochta, ag méadú ar thionchar na nuálaíochtaí agus an tsaineolais taighde le linn na bliana acadúla 2017/2018. Rinneadh fionnachtana taighde a thráchtáil trí 17 gceadúnas nua teicneolaíochta a cheadú d'earnáil na tionsclaíochta agus 3 mhac-chuideachta nua a bhunú. Chun borradh a chur faoi na haschuir thráchtálaíochta seo, thairfead an oifig 39 fionnachtain úrnuata tagtha chun cinn a bhfuil le gníomhaíocht taighde in OÉ Gaillimh. Chomh maith leis an gníomhaíocht thráchtála seo, chuir OÉ Gaillimh tús le 62 comhshaothar taighde nua le hearnáil na tionsclaíochta, rud a chuirfidh tuilleadh leis an tionchar ar an tsochaí ar bhonn níos leithne. D'fhreastail an tIonad Nuálaíochta Gnó san Ollscoil ar 34 cuideachta nuathionscanta agus thug an tacaíocht chuí dóibh. Tá 150 duine ag obair sna cuideachtaí seo. Chuireamar tacaíocht bhreise ar fáil ar bhonn céimneach do ghnóthaí nuathionscanta tríd an gcéad luasaire teicneolaíochta-leighis in

Éirinn, BioExel*. Chríochnaigh an chéad chohórt de shé cuideachta an clár dianoilúna agus meantóireachta seo idir Eanáir agus Meitheamh 2018, agus bhain siad tairbhe as tacaíocht iomlán an éiceachórais nuálaíochta teicneolaíochta-leighis ar an gcampas, chomh maith leis an maoiniú €95,000 do gach cuideachta a bhí rannpháirteach sa chlár.

In 2018, d'éirigh le mac-chuideachtaí de chuid OÉ Gaillimh €16 mhilliún a chruinniú ó fhoinsí infheistíochta cothromais phríobháidigh agus ó mhaoiniú ón AE, ar maoiniú é a chabhróidh go mór na teicneolaíochtaí seo a thráchtáil. Bunaithe ar thaighde a rinneadh in OÉ Gaillimh, cuireadh 3 cuideachta nua ar an bhfód. Tháinig 2 cheann acu sin tríd an gclár BioInnovate atá lonnaithe san Ollscoil.

- Tá Neurent Medical i mbun forbartha ar theiripe cheannródaíoch don rinitéis, ar fadhb choitianta shróine í. Le linn na bliana seo, bhailigh an cuideachta €9.3 milliún in infheistíocht

phríobháideach agus tá sí réidh anois chun suas le 25 ball foirne a earcú a bhfuil leis an infheistíocht sin.

- Tá Bioprobe Diagnostics i mbun thráchtálaíthe ar theicneolaíochtaí nua chun éilleáin mhíocróbacha, macasamhail an ghalair Legionnaires, a bhrath agus a aithint. Bhí an cuideachta seo i measc an chéad chohóirt de rannpháirtithe BioExel.
- Tá feiste úrnuata á cruthú ag Kite Medical a chuirfidh bealach saor ó phian agus neamhionrach ar fáil chun aife sna duáin a aimsiú i bpáistí. Ní ba luaithe i mbliana d'éirigh leis an gcuideachta seo infheistíocht €1.5 milliún a bhaint amach.

*Is clár comhpháirtíochta é BioExel atá á mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Ollscoil na Gaillimhe, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Ciste Cothromais Síil agus Luathchéime Bhanc na hÉireann. Is í an fhoireann Teicneolaíochta-Leighis a bhfuil an-taithí aici a réachtálann an clár seo ar champas OÉ Gaillimh.

Mic Léinn

In 2017/18 bhí 18,747 mac léinn in OÉ Gaillimh

Mic Léinn Fochéime	13,088
Iarchéime (Múinte)	3,071
Iarchéime (Taighde)	1,234
Mic Léinn Mhalairte / ar Cuairt	1,187
Mic Léinn eile	167
Iomlán	18,747

Mic Léinn Idirnáisiúnta

In 2017/18 bhí 3,293 mac léinn as 114 tír

Mic Léinn Fochéime	1,027
Iarchéime (Múinte)	639
Iarchéime (Taighde)	429
Erasmus, ar Cuairt & Scoil Samhraidh	1,198
Iomlán	3,293

An Fhoireann

In 2017/18 bhí 2,681 comhalta foirne in OÉ Gaillimh

Foireann Acadúil	1,073
Foireann Taighde	657
Foireann Riaracháin/Tacaíochta	951
Iomlán	2,681

Táillí & Costais

	Baill Sheachtracha	Baill Inmheánacha
Táillí le hóc	Nialas	Nialas
Costais le hóc	€16,058.71	Nialas

Costais Taistil d'Údarás na hOllscoile don tréimhse 1/10/2017 - 30/9/2018

*figiúirí mar a bhí an 31 Deireadh Fómhair 2018

University Management Team*

Professor Ciarán Ó
hÓgartaigh
President / Chair

Professor Pól Ó
Dochartaigh
*Registrar and Deputy-
President*

An tUasal Gearóid Ó
Conluain
An Rúnaí

Sharon Bailey
Bursar

John Gill
Chief Operating Officer

Professor Anne Scott
*Vice-President for
Equality and Diversity*

Professor Lokesh
Joshi
*Vice-President for
Research*

Caroline Loughnane
Academic Secretary

Professor Lucy Byrnes
*Dean of Graduate
Studies*

Professor Cathal
O'Donoghue
*Dean, College of Arts,
Social Sciences and
Celtic Studies*

Professor John
McHale
*Dean, College of
Business, Public Policy
and Law*

Professor Peter
McHugh
*Dean, College of
Engineering and
Informatics*

Professor Tim
O'Brien
*Dean, College of
Medicine, Nursing and
Health Sciences*

Professor Terry Smith
*Interim Dean, College
of Science*

Ms Josephine Hynes
Director of HR

Foireann Bainistíochta na hOllscoile*

An tOllamh Ciarán Ó
hÓgartaigh
*An tUachtarán /
Cathaoirleach*

An tOllamh Pól Ó
Dochartaigh
*An Meabhránaí agus
Uachtarán Ionaid*

Gearóid Ó Conluain
An Rúnaí

Sharon Bailey
An Sparánaí

John Gill
*An Príomhoifigeach
Oibriúcháin*

An tOllamh
Anne Scott
*An Leas-Uachtarán
Comhionannais agus
Éagsúlachta*

An tOllamh
Lokesh Joshi
*An Leas-Uachtarán
Taighde*

Caroline Loughnane
An Rúnaí Acadúil

An tOllamh Lucy Byrnes
Déan Staidéir Iarchéime

An tOllamh Cathal
O'Donoghue
*Déan Choláiste na nDán,
na nEolaíochtaí Sóisialta,
agus an Léim Cheiltigh*

An tOllamh
John McHale
*Déan Choláiste an Ghnó,
an Bheartaí Phoiblí agus
an Dlí*

An tOllamh
Peter McHugh
*Déan Choláiste na
hInnealtóireachta agus na
hIonformaitice*

An tOllamh
Tim O'Brien
*Déan Choláiste an Leighis,
an Altranais agus na
nEolaíochtaí Sláinte*

An tOllamh Terry Smith
*Déan Eatrámhach,
Coláiste na hEolaíochta*

Josephine Hynes
*An Stiúrthóir Acmhainní
Daonna*

Governing Authority

The Hon Mrs Justice Catherine McGuinness
Chair

Údarás na hOllscoile

An Breitheamh Onórach Catherine McGuinness
An Cathaoirleach

For a full list of members, see | *Chun liosta iomlán na mball a fheiceáil, téigh chuig:*
nui galway.ie/about-us/university-management/university-structure.html

* as of 1 February, 2019
* mar a bhí an 1 Feabhra, 2019



